- Fócas spriocdhírthe a dhéanamh ar dhreamanna aitheanta cruthaithe bruscair, go háirithe thart ar amanna nuair is eol dúinn é a bheith ar siúl
- Imscrúdú a dhéanamh ar gach gearán agus rialáil/reachtaíocht a fhorfheidhmiú de réir mar is cuí
- Leanúint de Chórais Bhainistíochta Caidrimh le Custaiméirí a oibriú
- Roghanna faireachais a scrúdú chun cásanna de chaitheamh bruscair agus salú a madraí a laghdú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí maidir le crochadh chomharthaí na Comhairle
- Leanúint de chur ar fáil agus cur chun cinn Bheolíne Maoir Bruscair na Comhairle ag 4149220 agus beolíne fríthdhpála na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ag 1850 365 121





Tionscnamh Siúlóirí Glasa Madraí de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas



Fiseán Chomhairle Contae Átha Cliath Theas faoi Dhul i nGleic le Brusca – [www.sdcc.ie](http://www.sdcc.ie)

# 4. An Réimse Poiblí

## Cúlra

Cumascadh na Rannóga Páirceanna Poiblí, Reiligí, Oibríochtaí agus Glantacháin chun Rannóg an Réimse Phoiblí a chruthú in Aibreán 2013.

Tá gach seirbhís a bhí curtha ar fáil ag na rannóga thuasluaite roimhe seo á gcur ar fáil anois ag Rannóg an Réimse Phoiblí. Bhí dhá mhian ag baint leis an struchtúr nua – (1) solúbthacht uasta a bhaint amach sa soláthar seirbhíse ó na hacmhainní foirne atá ar fáil, agus (2) gníomhaíochtaí na 4 rannóg a chomhtháthú, rudaí a bhí oibrithe roimhe seo mar aonáin ar leith le deighilt dualgas a chiallaigh nárbh fhéidir leis an gComhairle seirbhísí a chur ar fáil ar bhealach éifeachtúil.

Tá an fhoireann sna Rannóga Oibríochtaí agus Glantacháin nach raibh páirteach roimhe seo ach i dtascanna glantacháin, tá siad ar fáil anois chun dualgais chothabhála féir is araile a chur i gcrích de réir mar is gá. Baineadh an tsolúbthacht chéanna amach ón bhfoireann a bhí sannta roimhe seo do rannóg na reiligí agus na bpáirceanna poiblí araon.

Níl aon athrú ar ghnéithe áirithe den soláthar seirbhíse, mar shampla, bíonn na seirbhísí a bhí curtha ar fáil ag an rannóg glantacháin roimhe seo (glantachán bailte agus sráidbhailte, seirbhísiú boscaí bruscair, baint nithe a bhíonn dumpáilte go mídhleathach agus cúnamh do ghrúpaí bailte slachtmhara agus pobail) curtha ar fáil ar an gcaoi chéanna mar a rinneadh roimhe seo go fóill.

In éineacht leis na seirbhísí a bhí curtha ar fáil trí shaothar díreach, tá conradh scuabtha bóithre agus seirbhísí gaolmhara ag an gComhairle le Oxigen Environmental Ltd. Cuirtear seirbhís scuabtha bóithre agus bainte bruscair ar fáil do gach bóthar, eastát tithíochta agus eastát thionsclaíoch de réir minicíocht shocráithe (go míosúil i gcás príomhbhóithre, go ráithiúil i gcás eastáit tithíochta, dhá uair in aghaidh na bliana i gcás eastáit thionsclaíocha) de réir an chonartha seo. Is iad na seirbhísí gaolmhara a chuirtear ar fáil faoin gconradh seo ná rialú fiailí (ó Aibreán go Meán Fómhair), glantachán gáitéar agus baint duilleog i rith mhíonna an gheimhridh. Tá tuairim is 25 ball foirne sannta ag an gconraitheoir chun na seirbhísí seo a chur ar fáil.



## Straitéis

Cur chuige comhtháite a chur ar fáil chun cothabháil agus feabhsú ardchaighdeán ár réimse phoiblí a bhaint amach.

### Cuspóirí

- Clár glantacháin sráideanna (bailte/sráidbhailte) a thosú ina ndéanfaí cigireacht agus seirbhísiú laethúil ar bhoscaí bruscair de réir mar is cuí
- Baint bruscair a dhéanamh in éineacht le lomadh féir
- Cinntiú go mbíonn go leor acmhainní ar fáil an t-am go léir do na seirbhísiú glantacháin go léir
- Monatóireacht a dhéanamh agus a chinntiú go gcuirtear seirbhísiú glantacháin ar siúl ar chaighdeán inghlactha an t-am go léir
- Freagra tapa a chinntiú chun graifítí a bhaint de mhaoín phoiblí
- Cinntiú go nglantar ceantair ina gcaitear cuid mhaith bruscair/ina dtarlaíonn cuid mhaith dumpála mídhleathaí go seachtainiúil ar a laghad
- Leanúint den stoc boscaí bruscair a leathnú ar fud an Chontae de réir mar a mheastar a bheith riachtanach
- Leanúint de thacú leis na bailte slachtmhara agus grúpaí cónaitheoirí glantachán a dhéanamh tríd an Scéim Creidmheasanna Sóisialta
- Cinntiú go mbíonn Ionaid 'Fág Anseo' seirbhísiú agus cothabháilte ar ardchaighdeán





# 5. Cumarsáid, Feasacht agus Oideachas

## Cúlra

Is comhchodanna iad cumarsáid, oideachas agusfeasacht trínar féidir le muintir an Chontae a bheith níos feasaí ar thionchar caite bruscair, dumpála agus gníomhaíochta neamhairdeallaí ar an gcomhshaol ina bhfuil cónaí orainn. Caithfidh tuiscint a bheith ag cónaitheoirí chomh maith ar an ngá atá le tosáíocht a dhéanamh de chosc bruscair/dramhaíola mar an ngníomh is tábhachtaí san ordlathas dramhaíola.

### Ordlathas Dramhaíola

- A. Cosc
- B. Íoslagh dú
- C. Athúsáid
- D. Athchúrsáil
- E. Aisghabháil Fuinnimh
- F. Diúscairt

The image displays three posters related to litter prevention and recycling. The first poster, on the left, has an orange header and footer. The main text reads "Don't leave rubbish lying around, Pick it up off the ground" in English and "Ná fág bruscair ina lú thart, pioc suas den talamh é" in Irish. It features a cartoon sun and a trash can. The second poster, in the middle, has a white header and footer. It features a cartoon monster holding a can of litter and says "LITTER is Bigger", "Recycle", and "Keep the world happy". The third poster, on the right, has an orange header and footer. It features a cartoon town and says "Do Not Litter" and "TOGETHER WE CAN HELP!!!". Below this, it says "Ní neart go cur le chéile - Ná caitear bruscair".



# Straitéis

An teachtaireacht frithbhruscair agus choiscthe bruscair a chun cinn i gContae Átha Cliath Theas.

## Cuspóirí

- Feachtais spriocdhírthe frithbhruscair agus choiscthe bruscair a chur chun cinn, le graifítí, salú ag madraí agus bruscar ginearálta i gceist
- Rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh agus tacú léi i gcláir áitiúla, náisiúnta agus réigiúnacha choiscthe agus feasachta ar bhruscar
- Teagmháil a dhéanamh le daoine óga, chomh maith le tacú leo agus tionscnaimh a chur ar fáil dóibh ina gcuirtear cosc bruscair chun cinn, le cur ar fáil Chlár na Scoileanna Glasa san áireamh
- Tacú le grúpaí pobail i gcosc bruscair, feasacht ar bhruscar agus glantachán ag an bpobal
- Feasacht a mhúscailt i measc sealbhóirí tí agus gnóthaí ar an teachtaireacht choiscthe bruscair agus ar a bhfreagrachtaí agus a ndualgais, chomh maith le tacú leo
- Meáin shóisialta, ár suíomh gréasáin agus gach meán poiblíochta atá ar fáil a úsáid chun na cláir agus feachtais choiscthe bruscair a chur chun cinn agus tuairisciú orthu chun teagmháil lenár saoránaigh a spreagadh
- Míreanna nuachta Feasachta Comhshaoil agus Rannpháirtíochta Pobail a chur ar fáil do Chruinniú an Choiste Ceantair
- Naisc phobail atá ann cheana a chothú agus scrúdú a dhéanamh ar bhealaí nua le rannpháirtíocht an phobail a spreagadh, a chothú agus a fhorbairt chun an Contae a choinneáil glan



## 6. Costais

Chaith an Chomhairle an méid seo a leanas i rith 2014 i gcur i gcrích a ról agus a freagrachta i gcosc agus rialú bruscair:



Glantachán/Dumpáil Mhídhleathach	€3.2M
Glantachán agus Bruscar a Bhaint in Eastáit	€2.8M
An tSeirbhís Maoir Bruscair	€880K
Feachtas Frithbhruscair	€23K
Feasacht ar an gComhshaol	€315K



# 7. Meastóireacht

Is gá dúinn tuairisciú ar oibriú an phlean seo agus muid ag lua na mbeart atá á ndéanamh/déanta againn chun bruscar a chosc agus a rialú.

Forbrófar Plean Forfheidhmithe cuimsitheach do gach bliain den phlean, trína ndéanfar monatóireacht agus measúnacht, agus é tuairiscithe don Chomhairle go ráithiúil ag leibhéal an Choiste Ceantair.

Cuimseoidh an tuarascáil don Chomhairle measúnú ar:

- Gach beart coiscthe agus rialaithe bruscair a dhéantar
- Oiread na gníomhaíochta forfheidhmithe a dhéantar
- Oiread cur chun cinn bearta feasachta i measc an phobail, bearta oideachais agus eolais
- Oiread an chomhoibrithe agus an chúnaimh a chuireann an Chomhairle ar fáil chun bruscar a chosc agus a rialú



# Aguisín

<b>1.0 Plean Feidhmithe 2015/2016</b>	<b>14</b>
<b>2.0 Dréachtphrótacal le haghaidh Tinte Cnámh</b>	<b>17</b>
<b>3.0 Dréachtphrótacal ar TCI agus Teicneolaíochtaí Comhshaoil</b>	<b>19</b>
<b>4.0 Dréachtphrótacal Glantacháin</b>	<b>21</b>
<b>5.0 Dréachtphrótacal Comharthaíochta agus Stionsal maidir le Madraí</b>	<b>23</b>
<b>6.0 Dréachtphrótacal Freagartha ar Ghraifítí</b>	<b>25</b>
<b>7.0 Dréachtphrótacal Athsholáthair Boscaí Bruscair</b>	<b>27</b>
<b>8.0 Athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Bruscair, 2011-2014</b>	<b>29</b>



# Aguisín 1

## Plean Feidhmithe/ Gníomhaíochta 2015/2016

	Gníomhartha	Freagracht
1	Úsáid na reachtaíochta, rialacháin agus fodhlíthe bainteacha go léir a chur chun cinn agus a spreagadh	Forfheidhmiú agus Ceadúnú
2	Leanúint de na Córais Bhainistíochta Caidreamh Custaiméirí (MembersNet, FYS, an Córas Teagmhála Custaiméirí, an Córas Gearáin Chomhshaoil) a oibriú chun gearáin/tuairiscí a rianú ón teagmháil tosaigh go dtí an réiteach	Forfheidhmiú agus Ceadúnú
3	Leanúint de gach gearán a imscrúdú go críochnúil	Forfheidhmiú agus Ceadúnú
4	Seirbhís chomhordaithe spriocdhírthe maor a chur ar fáil in áiteanna arb eol dúinn bruscar a bheith iontu/dumpáil a bheith ar siúl iontu	Forfheidhmiú agus Ceadúnú
5	Patróil spriocdhírthe coise a dhéanamh i mbailte agus sráidbhailte	Forfheidhmiú agus Ceadúnú
6	Fógraí um Pionós Socraithe a eisiúint as sárú reachtaíochta, rialacháin agus fodhlíthe comhshaoil, lena n-áirítear caitheamh bruscair, dumpáil mhídhleathach, salú ag madraí agus comharthaí gan chead, pé áit a bhfuil fianaise imleor ar fáil	Forfheidhmiú agus Ceadúnú
7	Tús a chur le himeachtaí dlí i leith neamhíoc Fógraí um Pionós Seasta, pé áit ar cuí	Forfheidhmiú agus Ceadúnú
8	Tús a chur le hionchúiseamh díreach dlí, pé áit ar cuí	Forfheidhmiú agus Ceadúnú
9	Feithiclí brandáilte féideartha a scrúdú do Sheirbhís Maor CCÁCT	Forfheidhmiú agus Ceadúnú
10	Athbhreithniú a dhéanamh ar fheistias na Seirbhíse Maor	Forfheidhmiú agus Ceadúnú
11	TCI neamhcheilte agus ceilte a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar cheantair ina bhfuil fadhb le dumpáil mhídhleathach agus le tacú le gníomhú forfheidhmithe	Forfheidhmiú agus Ceadúnú
12	Triail a bhaint as teicneolaíochtaí éiritheacha le tacú le forfheidhmiú	Forfheidhmiú agus Ceadúnú
13	Córas bainistíochta sceideal a oibriú chun an contae a choinneáil chomh saor ó bhruscar agus is féidir	An Réimse Poiblí
14	Clár glantacháin sráidbhailte a oibriú, le seirbhís ag an deireadh seachtaine san áireamh	An Réimse Poiblí



	Gníomhartha	Freagracht
15	Glantachán pleanáilte agus sceidealta áiteanna aitheanta sa chontae ina bhfuil fadhb le bruscar	An Réimse Poiblí
16	Ionad 'Fág Anseo' a sheirbhísiú agus a chothabháil le cinntiú go bhfuil siad saor ó bhruscar	An Réimse Poiblí
17	Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar boscaí bruscair sa Réimse Poiblí agus aird ar an bPrótacal Socraithe Boscaí Bruscair	An Réimse Poiblí
18	Bearta rialaithe bruscair a fhorfheidhmiú i gCoinníollacha Leithdháilte Páirceanna Imeartha	An Réimse Poiblí
19	Cigireacht spriocdhírthe ag foireann an Réimse Phoiblí ar pháirceanna imeartha ina bhfuil fadhb mhór le bruscar	An Réimse Poiblí
20	Córas bainistíochta sceideal a úsáid le díriú ar ghraifítí agus é a bhaint de mhaoin phríobháideach	An Réimse Poiblí
21	Clár spriocdhírthe chun ábhar tinte cnámh a bhaint d'áiteanna poiblí roimh Oíche Shamhna	An Réimse Poiblí
22	Tinte cnámh Oíche Shamhna a léarscáiliú chun treochtaí a aithint agus le cur le hidirghabhálacha pleanáilte	An Réimse Poiblí
23	Ábhar tinte cnámh Oíche Shamhna a ghlanadh suas agus a bhaint go tráthúil	An Réimse Poiblí
24	Clár Cothabhála Lánaí a oibriú ag áiteanna aitheanta ar fud an chontae agus leanúint de réitigh a lorg ar fhadhbanna	An Réimse Poiblí
25	Baint sceidealta dramhaíola a dhéanamh do ghrúpaí cláraithe pobail áitiúla a dhéanann glantachán ag an bpobal	An Réimse Poiblí
26	Rannpháirtíocht agus tacaíocht d'ócáidí an Ghlantacháin Náisiúnta Earraigh	An Réimse Poiblí
27	Meamraim Tuisceana bhreise le cuideachtaí fóntais a chur chun cinn maidir le graifítí a bhaint	An Réimse Poiblí
28	An Plean Bainistíochta Bruscair a phoibliú agus a chur chun cinn	Cumarsáid agus Feasacht
29	Tús a chur le feachtas fógraíochta in aghaidh graifítí agus salú ag madraí	Cumarsáid agus Feasacht
30	Féidearthacht Scéim Graifítí Ealaín Sráide a Scrúdú	Cumarsáid agus Feasacht
31	Deontas Feasachta Frithbhruscair agus Frithghraifítí a Riar	Cumarsáid agus Feasacht
32	Comórtas póstaer agus sluáin Frithbhruscair agus Frithghraifítí a Chur Chun Cinn	Cumarsáid agus Feasacht
33	Feachtas fógraíochta pictiúrlann le Dul i nGleic le Bruscar a chur chun cinn	Cumarsáid agus Feasacht
34	Úsáid na limistéar reatha 'saor ó iall' do mhadraí i bpáirceanna poiblí a chur chun cinn	Cumarsáid agus Feasacht



	Gníomhartha	Freagracht
35	Athbhreithniú ar Thionscnamh na Siúlóirí Glasa Madraí	Cumarsáid agus Feasacht
36	Tionscnamh na Siúlóirí Glasa Madraí (úinéireacht fhreagrach madraí) a chur chun cinn i gcomhréir le hathnuachan agus ceannach ceadúnais madra	Cumarsáid agus Feasacht
37	Tús a Chur le Feachtas in Aghaidh Salú ag Madraí	Cumarsáid agus Feasacht
38	Tascfhórsa Náisiúnta Bruscar Gumma a Sheoladh	Cumarsáid agus Feasacht
39	An Glantachán Náisiúnta Earraigh a Chur Chun Cinn agus Tacú Leis	Cumarsáid agus Feasacht
40	Tionscnamh PURE a chur chun cinn agus tacú leis	Cumarsáid agus Feasacht
41	Tionscnamh na mBailte Slachmhara a chur chun cinn agus tacú leis trí scéimeanna deontais m.sh. LA21, Feasacht Frithbhruscair agus Frithghraifítí	Cumarsáid agus Feasacht
42	Athbhreithniú ar an Scéim Creidmheasanna Sóisialta	Cumarsáid agus Feasacht
43	Tacú le glantachán ag an bpobal trí Scéim Creidmheasanna Sóisialta	Cumarsáid agus Feasacht
44	Athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht stoic ábhair le tacú le tionscadail chomhshaoil	Cumarsáid agus Feasacht
45	Athbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus rath Chlár na Scoileanna Glasa	Cumarsáid agus Feasacht
46	Cosc bruscair a chur chun cinn trí Chlár na Scoileanna Glasa	Cumarsáid agus Feasacht
47	Scéim Phíolótach chun athúsáid buidéil ólacháin a chur chun cinn, agus í dírithe ar spórtlanna, ionaid spóirt agus meánscoileanna	Cumarsáid agus Feasacht
48	Líonraí a fhorbairt le spórtlanna, ionaid spóirt agus meánscoileanna chun suirbhéanna bruscair a thionscnamh (roimh agus tar éis na scéime píolótaí athúsáide)	Cumarsáid agus Feasacht
49	Cosc Bruscar Bia a spreagadh trí líonraí le soláthraithe agus tomhaltóirí	Cumarsáid agus Feasacht
50	Feachtais Shéasúracha Athchúrsála agus Feasachta a Chur Chun Cinn	Cumarsáid agus Feasacht





# Aguisín 2

## Dréachtphrótacal le haghaidh Tinte Cnámh

Tugadh isteach an tAcht um Thruailliú Aeir, 1987, le cur i gcoinne truailliú aeir in Éirinn, go háirithe i gceantair uirbeacha, trí Orduithe um Cheantar Rialaithe Speisialta. Ní ceadmhach réimse ábhar áirithe a dhó i gceantar uirbeach má tá siad san áireamh i Limistéir faoi Rialú Speisialta agus ina measc seo bheadh na hábhair/an dramhaíl a úsáidtear de ghnáth i dtinte Oíche Shamhna.

Ba é an príomhchuspóir in Alt 32 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, mar a leasaíodh, ná truailliú comhshaoil agus cruthú astaíochtaí núise a chosc faoi seach.

In éineacht leis sin, tá Fodhlíthe na Comhairle um Páirceanna Poiblí agus Spásanna Oscailte 2011, faoi Alt 5.2. Smaoineamh ar úsáideoirí eile Páirceanna Poiblí),

### Níl cead ag duine ar bith

*“Tine chnámh, tine, nó fulacht fia a dhéanamh nó tine ealaíne a bheith ag an duine sin nó é a lasadh gan chead na Comhairle a fháil roimh ré agus faoi réir na dtéarmaí agus coinníollacha a bhaineann lena leithéid de chead.”*

Cuireann an Stiúrthóireacht Comhshaoil, Uisce agus um Athrú Aeráide feachtais feasachta chomhaimseartha ar siúl maidir le cosc agus dainséir tinte cnámh.

### Ar na Feachtais Oíche Shamhna atá ann, tá:

- ceardlanna sábháilteachta sna scoileanna agus iad ag cur eolais ar fáil faoi ghuaiseacha tinte cnámh
- ceardlanna athchúrsála sna scoileanna ina gcruthaítear feistis, mascanna agus maisiúcháin le haghaidh Oíche Shamhna
- Scéim Bleibeanna seachas Tinte Cnámh
- luaíocht pas saor in aisce isteach i gConláiste Cathartha Bhaile an Mhóta, mar mhalairt ar iarratas ar an Scéim Creidmheasanna Sóisialta i rith mhí Dheireadh Fómhair
- feachtas feasachta ar na meáin

Is é an freagra líne thosaigh a thugann an Chomhairle le cur in aghaidh bailiú ábhar a úsáidtear i dtinte chnámh in áiteanna poiblí roimh Oíche Shamhna ná na hábhair siúd in áiteanna poiblí atá ann le tine chnámh a thógáil Oíche Shamhna agus an dramhaíl a bhíonn mar thoradh ar thinte cnámh tar éis Oíche Shamhna a bhaint.

Tá éirithe leis an gComhairle laghdú a dhéanamh le blianta beaga anuas ar líon na dtinte cnámh mídhleathacha sa chontae trí mheascán feasachta i measc an phobail, scéimeanna luaíochta, gníomhaíochtaí malartacha pobail, forfheidhmiú agus glantachán spriocdhírthe.



# 378 TINE CHNÁMH MHÍDHLEATHACH = €50,000

Ach in ainneoin na n-iarrachtaí seo, lasadh 378 tine chnámh mhídhleathach i rith Oíche Shamhna 2014 agus ba ghá breis is €50,000 a chaitheamh chun na háiteanna sin a ghlanadh ina ndiaidh.

Níor athchóiríodh láithreáin na dtinte seo.

Ós rud é go lastar an chuid is mó de na tinte cnámh i bpáirceanna poiblí, spásanna oscailte agus limistéir poiblí eile, bíonn ar an gComhairle ábhar na dtinte cnámh a bhaint roimh, i rith agus tar éis Oíche Shamhna. Tá rátáil ard riosca ag baint leis an ngníomhaíocht seo agus tá Measúnuithe Riosca cuí i bhfeidhm mar chuid de Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na Comhairle.

Nuair a thuiriscítear ábhar tine chnámh in áit poiblí don Chomhairle, déanfar tosaíocht dá bhaint agus aird á tabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Faoi línte cumhachta
- In aghaidh/díreach in aice le tithe/maoin eile
- Ar phríomhbhóithre ar a bhfuil dóchúlacht go mbeadh bagairt ar iompar poiblí
- Áiteanna atá aitheanta ag an nGarda Síochána ar dóchúil iad a bheith ina mbagairt ar shábháilteacht an phobail

Déanfar measúnú ar Shláinte agus Sábháilteacht na mball foirne den Chomhairle atá i gceist agus bainfean an t-ábhar i rith gnáthuaireanta oibre.

Ní bhainfidh an Chomhairle ábhar tinte cnámh ó:

- Maoin phríobháideach – gairdíní tosaigh/cúil
- Forbairtí ar a bhfuil geataí
- Lánaí ar a bhfuil geataí in eastáit tithíochta

Déanfar na háiteanna seo a sheiceáil agus déanfar tosaíocht díobh d'fhonn an t-ábhar a bhaint i gcomhréir leis an méid thuas.

Déanfaidh foireann mhaoriseachta measúnú riosca ar an áit atá i gceist agus lorgófar cúnamh na nGardaí de réir mar is cuí.

Agus an tseirbhís seo á bainistiú acu, tá an Chomhairle airdeallach ar dhamáiste do mhaoín agus seirbhísí riachtanacha a íoslaghdú agus déanfaidh siad tosaíocht de na hacmhainní atá ar fáil chun an úsáid is fearr a chinntiú.

Ní féidir an t-ábhar tine chnámh go léir a bhaint go fisiceach de gach suíomh tuairiscithe um Oíche Shamhna.

# Aguisín 3

## Dréachtphrótacal ar TCI agus Teicneolaíochtaí Comhshaoil

Is fadhb mhór í dumpáil mhídhleathach bruscair agus dramhaíola ar fud Chontae Átha Cliath Theas.

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas freagrach as bainistíocht roinnt córais Teilifís Chiorcaid Iata (TCI) atá á n-oibriú acu sa Chontae chun monatóireacht a dhéanamh ar dhumpáil mhídhleathach in áiteanna aitheanta bruscair agus dumpála.

Is téarma cineálach é TCI a úsáidtear le cur síos ar réimse teicneolaíochtaí físfhaireachais. D'fhonn é a chur go sonrach, is ionann TCI agus córas ina bhfuil físciamara amháin nó níos mó nasctha i gciorcad nó lúb dúnta, agus na híomhánna a chruthaítear á seoladh chuig monatóir nó taifeadán lárnach teilifíse. Mar a úsáidtear sa doiciméad seo é, ní bhaineann an téarma TCI ach le físmhonatóireacht agus fístaifeadadh.

Úsáideann an Chomhairle ceamaraí TCI le cabhrú le coireacht a chosc agus a bhrath, agus oibríonn siad ceamaraí socraithe (statacha) atá le feiceáil agus líon beag ceamaraí soghluaiste atá le feiceáil chun cumhdach gearrthéarmach TCI a chur ar fáil in áiteanna poiblí le cabhrú le dualgais rialaitheachta, imscrúdaitheacha agus forfheidhmithe.

Baineann an Chomhairle úsáid as trealamh ceilte agus neamhcheilte:

- Trealamh Ceilte TCI – Tá an ceamara ceilte nuair atá sé i bhfolach ó radharc an phobail nó é ann i ngan fhios do dhaoine ar bhealach eile
- Trealamh Neamhcheilte TCI – Bíonn ceamara neamhcheilte nuair nach bhfuil sé i bhfolach ar radharc an phobail, gan beann ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an gléas monatóireachta le feiceáil ag an duine nó an bhfuil nó nach bhfuil a fhios aige/aici go bhfuil sé ann

Tar éis d'athbhreithniú a bheith déanta ar Phlean Bainistíochta Bruscair 2011 – 2015, measadh é a bheith stuama Prótacal TCI agus Teicneolaíochtaí Comhshaoil a fhoilsiú ina ndéanfar cur síos ar an gcaoi a n-úsáidfidh an Chomhairle teicneolaíochtaí le dul i ngleic le fadhb na dumpála mídhleathaí, diúscartha mídhleathaí agus salú ag madraí.

Cabhróidh na teicneolaíochtaí seo le cruthú bruscair a chosc agus le forálacha an Achta um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, mar a leasaíodh, an Achta um Bainistiú Bruscair 1996, mar a leasaíodh, agus na rialachán gaolmhar um dhramhaíl a fhorfheidhmiú le dul i ngleic le daoine aonair agus/nó gnóthaí is cúis le caitheamh bruscair agus dumpáil mhídhleathach.



Úsáidfeadh TCI agus teicneolaíochtaí eile ar bhealach a chloíonn le gach riachtanais dlí agus reachtúil. Úsáidfeadh é le hathbheithniú a dhéanamh ar íomhánna taifeadta i rith bhainistíocht ár bhfeidhmeanna forfheidhmithe agus ceadúnaithe agus chun faireachas a dhéanamh in áiteanna ina bhfuil fadhb mhór le dumpáil mhídhleathach agus diúscairt mhídhleathach.

Ní dhéanfar físmhonatóireacht i gceantair phoiblí ach in áiteanna nach bhfuil an pobal ag súil go réasúnta le príobháideachas. Ní bheidh ceamaraí dírithe ar áiteanna príobháideacha.

Ní shuiteálfar ceamaraí ceilte nó neamhcheilte ach sa chás go bhfuil gá léirithe le cabhrú leis an gComhairle fianaise a bhailiú le cabhrú le dumpáil agus gníomhaíocht mhídhleathach neamhairdiúil leanúnach a imscrúdú.

Déanfar monatóireacht na gcóras TCI ar bhealach gairmiúil eiticiúil dleathach. Beidh an fhoireann a bheidh páirteach i bhfísmhonatóireacht oilte go cuí ar úsáid fhreagrach na teicneolaíochta seo.

Beidh srian ar an teacht ar íomhánna taifeadta, agus beidh stóráil shlán taifeadtaí sonraí i gcomhréir le polasaithe agus nósanna imeachta na Comhairle agus um Chosaint Sonraí. Coinneofar íomhánna taifeadta ar feadh tréimhse theoranta ama, tríocha lá de ghnáth, nó níos faide de réir mar is gá le haghaidh ionchúiseamh féideartha. Stórálfar gach mír thaifeadta ina bhfuil píosa scannáin go slán ós rud é go bhféadfaí iad a úsáid mar fhianaise i gcúirt dlí.

Pléifear le gach iarratas ó na Gardaí nó oifigeach stáit eile ar bith ar ábhar cartlainne chomh luath agus is féidir. Deimhneoidh oifigigh stáit dáta agus am garbh an teagmhais sula gcuirfeadh píosa scannáin ar aghaidh chucu, agus iarrfar orthu admháil a shíniú.

Is ag an gComhairle agus a gníomhairí amháin a bheidh cead úsáid a bhaint as íomhánna taifeadta chun imscrúduithe a dhéanamh ar ghníomhaíocht fhéideartha mhídhleathach, lena n-áireofar soláthair eolais de réir mar is gá dá gníomhair(i) chun imscrúdú a dhéanamh ar chion líomhnaithe mhídhleathach dumpála/aghloit.

Cuirfidh an Chomhairle seirbhísí coimhdeacha monatóireachta comhshaoil ar fáil chomh maith de réir mar is cuí (cloghléasanna san áireamh) le haghaidh forfheidhmiú agus monatóireacht chomhshaoil.

Agus an tseirbhís seo á bainistiú acu, tá an Chomhairle airdeallach ar na hacmhainní atá ar fáil agus déanfar measúnú ar iarratais ar shuiteáil teicneolaíochtaí (seasta agus soghluaiste, neamhcheilte agus ceilte) de réir an cháis ar leith agus aird ar na critéir atá leagtha amach thuas.



# Aguisín 4

## Dréachtphrótacal Glantacháin

Úsáideann an Chomhairle foirne iltascála chun bruscar a bhaint, glantachán a dhéanamh agus ábhar a bhíonn dumpáilte go mídhleathach a bhaint.

Déantar glantachán sráideanna/bóithre, baint bruscair agus seirbhísiú boscaí bruscair ar bhonn sceidealta agus bíonn tuairim is 8,150 tonna bruscair, ábhar a bhíonn dumpáilte go mídhleathach, ábhar dramhaíola ó bhoscaí bruscair agus ó scuabadh bóithre, bíonn siad bailithe agus diúscartha gach bliain.

### Scuabadh Bóithre:

Tá seirbhísiú scuabtha bóithre agus seirbhísiú gaolmhara curtha ar fáil don Chomhairle ar conradh ag soláthraí seachtrach. Cuirtear seirbhísiú scuabtha bóithre agus bhainte bruscair ar fáil ar gach bóthar agus i ngach eastát tithíochta agus tionsclaíoch ag minicíocht shocraithe mar seo a leanas:

- go míosúil i gcás príomhbhóithre
- go ráithiúil i gcás eastáit tithíochta
- dhá uair sa bhliain i gcás eastáit tionsclaíochta

Is iad na seirbhísiú gaolmhara a chuirtear ar fáil faoin gconradh seo ná rialú fiaíil agus glantachán gáitéar.

### Ionaid ‘Fág Anseo’:

Tá 74 ionad athchúrsála/‘fág anseo’ sa chontae. Glactar le teicstíilí, gloine agus cannaí ag na hionaid seo.

Tá trí (3) sholáthraí seirbhísiú páirteach i seirbhísiú na n-áiseanna teicstíilí. Tá conradh réigiúnach i bhfeidhm le haghaidh seirbhísiú (folmhú) na ngabhdán athchúrsála gloine/cannaí.

Cuirtear an tseirbhísiú ar fáil (folmhú) ag bainc athchúrsála gloine/cannaí chomh minic agus is gá. Déantar na háiseanna is mó úsáid a fholmhú gach 3-5 lá, agus déantar é le cinn eile ar bhonn níos neamhrialta, agus é de réir a n-úsáide. Tá an t-oibreoir freagrach as an limistéar thart timpeall ar na háiseanna a choinneáil glan. Bailítear an bruscar/gloine bhriste go léir sa cheantar máguaird (suas le 5m amach ó na gabhdáin buidéal) chomh minic is atá luaite i liosta ionaid ‘fág anseo’.

D’fhonn fianaise ar an nglantachán a chur ar fáil, glacann an t-oibreoir grianghraf gach uair roimh agus tar éis don ghlantachán a bheith déanta.



Más pacáistiú gloine an bruscar a fhágtar ag an mbanc buidéal, cuirtear isteach sa bhanc buidéal é agus nuair a ardaíonn an conraitheoir na gabhdáin, cuirtear ar ais iad ar thalamh ghlan – .i., cinntiú nach dtéann bruscar ná boscaí cartchláir ar bith i bhfostú thíos faoin mbanc.

Mura mbaineann an bruscar leis an mbanc buidéal, cuireann an conraitheoir seo in iúl don Chomhairle. I gcás go mbíonn na háiseanna seo á n-úsáid go rialta go míchuí / le haghaidh dumpáil, cuireann an Chomhairle seirbhís ghlantacháin ar fáil ag na láithreáin seo dhá uair in aghaidh na seachtaine (ar an Luan agus an Aoine).

## Boscaí Bruscair:

Tá tuairim is 600 bosca bruscair ar fud an chontae i láthair na huaire. Déantar cigireacht ar na boscaí bruscair seo go léir go laethúil agus folmhaítear iad de réir mar is cuí.

## Glantachán ag an bPobal:

Bainistítear Glantachán ag an bPobal tríd an Scéim Creidmheasanna Sóisialta trínar féidir le grúpaí pobail, scoileanna agus gnóthaí iarratas a chur isteach ar chúnamh le glantachán ag an bpobal.

Tá bileog Treoirlínte ar Ghlantachán an Phobail ar fáil.

Caithfidh iarratasóirí atá ar lorg cúnamh na sonraí seo a leanas a chur ar fáil don Chomhairle:

- dáta agus suíomh an ghlantacháin
- sonraí teagmhála an eagraí
- líon na n-oibríthe deonacha
- an áit a mbeidh ábhair dhramhaíola á stóráil d'fhonn a bheith bainte

Bíonn dramhaíl a bhíonn bailithe trí ghlantachán ag an bpobal bailithe ag an gComhairle ansin ón áit ar dháta a shocraítear leis an ngrúpa roimh an nglantachán.



# Aguisín 5

## Dréachtphrótacal Comharthaíochta agus Stionsal maidir le Madraí

Is cion é salú ag madraí faoi Alt 22 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, mar a leasaíodh. Faoin Acht seo, gearrfar fíneáil nó ionchúiseofar duine ar bith atá i bhfeighil madra mura mbaineann sé/sí cac a fhágann an madra ina dhiaidh in áiteanna áirithe láithreach, agus/nó má theipeann ar an duine sin a chinntiú go ndiúsraítear cac a mhadra(i) i gceart ar bhealach oiriúnach sláintíoch.

Is é an deacracht a bhaineann le forfheidhmiú an ailt áirithe seo den Acht ná an gá atá le teistiméireacht finné le tuairisciú gur tharla an cion agus gurb é/í an duine aitheanta an duine atá i bhfeighil an mhadra. Leanann an Chomhairle de ghrúpaí cónaitheoirí agus/nó daoine aonair a spreagadh le cabhrú leis an tSeirbhís Maor ina leith seo.

Tá an Chomhairle ag gabháil do roinnt feachtais feasachta atá dírithe ar chosc agus diúscairt chuí bruscair agus ar shalú ag madraí go háirithe. Bunaíodh **Tionscnamh na Siúlóirí Glasa Madraí** le dul i ngleic leis an bhfadhb le salú ag madraí, agus cuimsíonn sé seo tobsheastáin feasachta ag ócáidí agus bileoga atá ar fáil do scoileanna, ionaid pobail agus gnóthaí chun feasacht a mhúscailt ar an tábhacht atá le húinéireacht fhreagrach madraí. Eisíonn an t-aonad Forfheidhmithe agus Ceadúnaithe bileoga chomh maith ar úinéireacht fhreagrach madraí agus eisítear an ceadúnas madra tríd an tseirbhís ar líne.

Seoladh Tionscnamh na Siúlóirí Glasa Madraí in Aibreán 2013 mar thionscadal atá bunaithe sa phobal agus é ag díriú airde ar an bhfadhb le salú ag madraí agus ag cur an bhealaigh chuí le glanadh suas i ndiaidh do mhadra chun cinn. Cuirtear an tionscnamh seo chun cinn trí ócáidí a bhíonn curtha ar siúl ag an gComhairle agus grúpaí pobail áitiúla.

Cé go nglacann cuid mhór úinéirí madraí leis an bhfreagracht atá orthu as a madraí agus glanadh suas ina ndiaidh, tá an chuma ar an scéal go bhfuil mionlach suntasach ann nach mbíonn agus nach mbeidh sásta a bheith ag glanadh i ndiaidh a madraí. Tá sé seo i gcomhréir leis an gcás go hidirnáisiúnta ina dtugann suirbhéanna le fios nach mbíonn cuid mhaith acu, suas le 50% acu i gcásanna áirithe, sásta glanadh suas i ndiaidh a madraí i gcás ar bith.

D'fhonn a bhfreagrachtaí a chur i gcuimhne d'úinéirí madraí tuilleadh, thriail an Chomhairle tionscnamh stionsal in aghaidh salú ag madraí sna páirceanna réigiúnacha in 2011.

Tharraing an scéim phíolótach stionsail madraí roinnt ceisteanna anuas don Chomhairle, amhail cur i bhfeidhm na stionsal. Bhain siad seo le dálaí aimsire, cáilíocht an dromchla ar a gcuirtear iad (cruthaítear an toradh is fearr ar tharramhacadam cothrom ardchaighdeán, ach is é sin an dromchla cosáin is neamhchoitianta i bpáirceanna poiblí) agus buaine (thart ar shé mhí de ghnáth).

Rinneadh athbhreithniú ar leibhéal an chloí in áiteanna áirithe agus bhí torthaí fíor-éagsúla air. Cé go raibh an chuma



air gur tháinig feabhsú gearrthéarmach ar an gcás ag áit amháin tar éis don stionsal a bheith tugtha isteach, dhealraigh sé go ndeachaigh an cás in olcas arís tar éis roinnt míonna, toisc go raibh an stionsal caite agus gan é le feiceáil seans. In áiteanna eile, tá an chuma air nach ndearna an stionsal difear ar bith don oiread salaithe ag madraí.

Agus muid ag fanacht le réiteach coda áirithe de na ceisteanna a bhfuil cur síos orthu thuas, déanfar staidéar píolótach eile i sampla páirceanna áitiúla/comharsanachta ar fud an chontae.

Cuirfear stionsail ar fáil ar dhromchlaí oiriúnacha cosáin in aice le bealaí isteach i bpáirceanna áitiúla/comharsanachta.

Ní chuirfear stionsail ar fáil ar chosáin sráide in eastáit tithíochta, ar phríomhbhóithre, i mbailte ná i sráidbhailte. Úsáidfear comharthaíocht mhalartach ina leithéid de cheantair, mar a dhéantar san fheachtas reatha.

Ghlac Comhairle Contae Átha Cliath Theas páirt i bhfeachtas mór i gcomhar le húdaráis áitiúla eile i réigiún Bhaile Átha Cliath in 2014 le cur i gcuimhne d'úinéirí madraí agus don phobal i gcoitinne go bhfuil riachtanas ann glanadh suas i ndiaidh a madraí. Crochadh comharthaí éagsúla mar chuid den fheachtas seo.

Leanfar de chomharthaí faoi shalú ag madraí a chur in airde mar gheall ar ghá léirithe i gceantair áirithe ina bhfuil fadhb leanúnach le salú ag madraí agus faoi réir oiriúnacht na háite ar leith.





# Aguisín 6

## Dréachtphrótacal Freagartha ar Ghraifítí

Is cion coiriúil é maoin a aghlot, agus is riachtanas é d'Alt 20 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, gur gá d'úinéirí maoin aghlot a réiteach.

Tar éis athbhreithniú ar Phlean Bainistíochta Bruscair 2011 – 2015, bhí sé soiléir go bhfuil gá le Prótacal Freagartha ar Ghraifítí le dul i ngleic leis an bhfadhb ghraifítí, agus é mar chuspóir foriomlán cuma aeistéitiúil an chontae a fheabhsú, deiseanna infheistíochta isteach agus cur chun cinn turasóireachta a fheabhsú, agus feabhsú a dhéanamh ar cháilíocht bheatha ár gcónaitheoirí, rudaí atá go léir i gcomhréir le Plean Corparáideach an Chontae.

Tá sé ag éirí soiléir nach bhfuil tuiscint shoiléir ann agus nach n-aithnítear ról, freagrachtaí agus críochadóireacht úinéirí maoin, idir phoiblí agus phríobháideach. Tá sé riachtanach go mbeidh tuiscint ag daoine chun gur féidir critéir chearta a cheapadh ar féidir gearáin agus iarratais ar ghraifítí a bhaint a mheasúnú ina n-aghaidh agus an graifítí a bhaint chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Beidh sé mar thoradh air seo go ndéanfar barrfheabhsú acmhainní agus go mbeidh tírdhreach agus timpeallacht áitiúil dheas fhísiúil ann do chách.

Go stairiúil, nuair a fhaigheann an Chomhairle gearán faoi ghraifítí, déantar cigireacht ar an áit atá i gceist le cinneadh an bhfuil an graifítí ar mhaoin phoiblí nó príobháideach.

Má tá an graifítí ar mhaoin phríobháideach, iarrtar ar úinéir na maoin trí litir é a bhaint chomh luath agus is féidir.

Má tá an graifítí ar mhaoin phoiblí, déanann an Chomhairle socrú chun é a bhaint. Agus é de réir an chineáil dromchla atá i gceist, déanann an Chomhairle a ndícheall é a bhaint le ceimiceáin nó trí phéinteáil thairis.

Nuair a bhíonn an graifítí ar bhoscaí fónais cuideachtaí fónais, déantar teagmháil leis an gcuideachta atá i gceist agus iarrtar orthu an graifítí a bhaint. Tá Meamram Tuisceana foirmiúil comhaontaithe i láthair na huair le soláthraí fónais amháin.

I líon beag cásanna, seans nach féidir an graifítí a bhaint toisc go bhfuil sé in áiteanna ar deacair teacht orthu.

Cuirtear an Deontas Feasachta Frithbhruscair agus Frithghraifítí ar fáil do ghrúpaí pobail agus scoileanna tríd an Rannóg Feasachta Comhshaoil.

Is é aidhm an phrótacail seo ná na bunphrionsabail le haghaidh bainistiú graifítí ag an gComhairle a leagan amach go soiléir agus comhsheasmhacht a chur ar fáil sa chaoi a gcuirtear chuig graifítí a bhaint ar fud an chontae.

Tá cur síos thíos ar mholtaí ar an gcaoi a bhfuil sé i gceist graifítí a bhainistiú amach anseo:

- Má tá an graifítí ar mhaoin phoiblí, déanfaidh an Chomhairle socrú chun é a bhaint. Agus é de réir chineál an dromchla, úsáidfear ceimiceáin nó péint
- Nuair a bhíonn an graifítí ar bhoscaí fónais cuideachtaí fónais, déantar teagmháil leis an gcuideachta atá i gceist agus iarrtar orthu an graifítí a bhaint



- Tá sé mar fhreagracht ar gach úinéir maoin graifítí a bhaint dá (h)áitreabh féin. Má tá an graifítí ar mhaoin phríobháideach, iarrfaidh an Chomhairle ar úinéir na maoin an graifítí a bhaint ar an gcéad dul síos. Agus é de réir an tsuímh, agus má tá aghaidh ag an maoin le háit straitéiseach phoiblí, déanfaidh an Chomhairle a ndícheall chun go mbainfeadh an t-aghlót. Beidh an Chomhairle ag iarraidh slánaíocht a ó úinéir na maoin nó gníomhaire den úinéir maoin chun gur féidir dul isteach sa mhaoin chun an t-aghlót a bhaint. Síneoidh úinéir na maoin nó gníomhaire úinéir na maoin slánaíocht agus beidh táille i gceist i ngach cás. Ní dhéanfar oibreacha ar bith ar mhaoin phríobháideach mura bhfuil a leithéid de shlánaíocht i gceist agus ní dhéanfar obair inmhuirir ar bith go dtí go mbeidh a leithéid de mhuirir comhaontaithe ag an dá pháirtí

## Comhairle Contae Átha Cliath Theas

### Foirm Shlánaíochta Graifítí le haghaidh Maoin Phríobháideach

Tá forálacha tábhachtacha san fhoirm seo faoinár ndlíteanas i do leith. Déan í a léamh sula síneoidh tú í, le do thoil.

Tugaimse, \_\_\_\_\_ [cuir ainm isteach] agus mé mar úinéir rúilse/gníomhaire an úinéara rúilse/tionónta/gníomhaire tionónta/duine eile (tabhair sonraí, le do thoil) \_\_\_\_\_ an áitribh darb ainm \_\_\_\_\_ (an "Áitreabh"), tugaimse cead do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas nó do chonraitheoirí ar bith a bhíonn ceaptha acu, teacht isteach san áitreabh chun crochadh bradach póstaer agus/nó graifítí ar bith a bhaint nó péinteáil thairis, má tá sé ar bhallaí seachtracha, fuinneoga agus tosach an áitribh.

Tuigim go ndéanfar an obair seo agus go bhféadfaí táille a ghearradh orm ina leith mar chuid de thionscnamh Chomhairle Contae Átha Cliath Theas chun graifítí a chosc agus a bhaint.

Tuigim chomh maith nach ndéanfar obair inmhuirir ar bith go dtí go mbeidh an táille comhaontaithe agam. Tugaim cead chomh maith do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus do chonraitheoirí ar bith a bhíonn ceaptha acu comharthaí a chrochadh ar a bhfuil rabhaidh faoi ionchúiseamh má leantar de ghníomhartha graifítí nó crochadh bradach póstaer.

Admhaím nach bhfuil cigireacht ar bith, suirbhéanna foirgníochta, measúnuithe ná tástálacha déanta ná socraithe ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ná ag a conraitheoirí maidir le hoiúinacht an Áitribh le haghaidh na bpróiseas bainte a úsáidtear, amhail (gan a bheith faoi theorainn) niteoirí cumhachta agus píobáin ardbhrú.

Má dhéantar dochar don Áitreabh (agus/nó maoin ghaolmhar agus/nó áitreabh eile) mar thoradh ar cheangal leis an mbaint thuas, ní bheidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas ná a conraitheoirí faoi dhlíteanas i leith páirtí ar bith i gcás ar bith as dochar ar bith a bheith déanta, gan beann ar an gcaoi a ndearnadh é (gan teorainn torta, conartha agus trí fhaillí san áireamh). Ní fhéachann Comhairle Contae Átha Cliath Theas ná conraitheoirí ar bith a bhíonn ceaptha acu le dlíteanas báis nó gortaithe phearsanra mar gheall ar fhaillí a theorannú ná a chur as an áireamh.

Slánaím Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus a gconraitheoirí leis seo le haghaidh agus in aghaidh éilimh, costais, dlíteanas agus/nó imeachtaí ar bith maidir le dochar ar bith a bheadh déanta mar gheall ar bhaint a leithéid de ghraifítí/crochadh bradach póstaer mar atá leagtha amach thuas.

Murar mise úinéir na maoin, deimhním go bhfuil cead agus údarás iomlán an úinéara rúilse agam leis an toiliú seo a chur ar fáil agus an séanadh seo a shíniú ar son an úinéara rúilse.

Sínte: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

Teil: \_\_\_\_\_ Ríomhphost: \_\_\_\_\_

**Seol an fhoirm seo ar ais, le do thoil, chuig:** Comhairle Contae Átha Cliath Theas  
**Nó Seol Ríomhphost Chuig:** info@sduibincoco.ie



# Aguisín 7

## Dréachtphrótacal Athsholáthair Boscaí Bruscair

Tá Rannóg an Réimse Phoiblí freagrach as bruscar a rialú i nach aon spás poiblí i limistéar riaracháin na Comhairle. Mar chuid den tseirbhís seo, cuireann rannóg an Réimse Phoiblí líonra 600 bosca bruscair ar fáil ar shráideanna agus in áiteanna poiblí, spásanna oscailte agus limistéir thithíochta ar fud an chontae agus déanann siad iad a chothabháil chomh maith.

Tar éis d'athbhreithniú a bheith déanta ar Phlean Bainistíochta Bruscair 2011 – 2015, bhí sé soiléir go bhfuil gá le prótacal socraithe boscaí bruscair le díriú ar na ceisteanna seo a leanas agus é mar chuspóir foriomlán glaine an chontae a fheabhsú:

- Cinntiú go mbíonn na boscaí bruscair tarraingteach agus láidir, oiriúnach dá bhfeidhm agus iad suite sna háiteanna cearta.
- Critéir shoiléire ar féidir measúnú a dhéanamh ar iarratais boscaí bruscair leo
- Breithniú a dhéanamh ar an ngá le tacú le 'hathchúrsáil ar an gcois'
- Cur ar fáil a dhéanamh do dheiseanna brandála corparáidí

Go stairiúil, bhíodh boscaí bruscair curtha ar fáil ar fud an chontae ag roinnt ranna éagsúla amhail Comhshaoil, Seirbhísí Páirceanna Poiblí agus Tírdhreacha agus Bóithre mar chuid de scéimeanna athnuachana bailte agus sráidbhailte. Mar thoradh air seo, tá réimse stíleanna, cruthanna agus dathanna difriúla ag baint leis na boscaí bruscair agus iad de réir an tsoláthraí a bhí ann roimhe sin.

Is í an Stiúirthóireacht Comhshaoil, Uisce agus um Athrú Aeráide an phríomhstiúirthóireacht a chuireann boscaí bruscair ar fáil agus a dhéanann seirbhísiú orthu sa chontae anois. Tá na boscaí bruscair seo bainistithe ag Rannóg an Réimse Phoiblí agus tá deis ann anois caighdeánú a dhéanamh ar chineál agus stíl na mboscaí bruscair ar fud an Chontae, agus na boscaí bruscair a bhrandáil ionas gur féidir iad a shamhlú go héasca le Comhairle Contae Átha Cliath Theas. Déanfaidh an cur chuige seo caighdeánú chomh maith ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus cothabhála le haghaidh na mboscaí bruscair nua go léir.

D'fhonn an leas is fearr a bhaint as acmhainní agus le cinntiú go gcuirtear boscaí bruscair ar fáil sa bhealach is costéifeachtúla, fad is a chinntítear go gcuirtear an tseirbhís uasta ar fáil, tá sé tábhachtach prionsabail a bhunú maidir leis na háiteanna a gcuirfead / nach gcuirfead boscaí bruscair. Cinnteoidh sé seo go mbainfead an úsáid is éifeachtaí as buiséid le haghaidh cur ar fáil agus cothabháil leanúnach.

Níl sé inmhinaithe ná éifeachtach boscaí bruscair a chur ar fáil ar bhonn iarratais. Féachann an prótacal seo leis na bunphrionsabail a leagan amach le haghaidh athsholáthar boscaí bruscair d'fhonn comhsheasmhacht agus cumhdach cuí a chur ar fáil i ngach cuid den chontae. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo tuiscint níos fearr ar fáil ar sholáthar boscaí bruscair agus go gcuirfeadh sé le hiarratais ar bhoscaí bruscair nua.



Is iad na háiteanna inar chóir tosaíocht a dhéanamh d'iarratais ar shocrú boscaí bruscair ná:

- Lár bailte agus sráidbhailte
- In aice le siopaí amhail siopaí nuachtán, miondíoltóirí bia agus ollmhargaí
- Áiteanna a mbíonn daoine cruinnithe m.sh. stadanna bus, stadanna tram, oifigí poist, foirgnimh / oifigí seirbhíse poiblí
- Príomhbhealaí go scoileanna
- Páirceanna móra atá níos mó ná 16 heicteár m.sh. in aice le háiteanna súgartha agus áiteanna ina mbíonn madraí ag rith

Breithnítear gach áit a mheastar a bheith oiriúnach le haghaidh bosca bruscair de réir thuilleadh na háite glacadh le feithiclí cothabhála go sábháilte (lódaire taoibh).

Is áiteanna nach meastar a bheith oiriúnach do bhoscaí bruscair toisc dumpáil agus loitiméireacht a bheith ag baint leo go minic iad:

- Ceantair chónaitheacha gan úsáid mheasctha, go háirithe forbairtí ar bhealaí caocha, ós rud é go mbeadh dumpáil dramhaíl tí thart timpeall ar na boscaí bruscair ar siúl iontu go minic
- Páirceanna poiblí atá níos lú ná 16 heicteár, i gcásanna go bhfuil siad suite i gceantair chónaitheacha, ach amháin má léirítear go bhfuil éileamh follasach éigin ann nach féidir freastal air le boscaí bruscair ar an tsráid

Agus an tseirbhís seo á bainistiú acu, tugann an Chomhairle aird ar gach costas nuair a bhíonn iarratais ar bhoscaí bruscair nua á mbreithniú acu. Cuimsíonn siad seo ní hamháin an costas tosaigh ceannaigh agus suiteála, ach caitheadh siad aird a thabhairt chomh maith ar na costais leanúnacha chothabhála agus seirbhísithe a bhaineann le gach bosca bruscair nua.

Nuair a fhaightear iarratas ar bhosca bruscair nua/athsholáthair, déanfar measúnú ar gach áit agus aird ar na critéir atá leagtha amach thuas, agus ar líon na mboscaí bruscair atá ar fáil sa cheantar cheana .i. taobh istigh de 400m.



# Aguisín 8

## Dréacht-Athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Bruscair, 2011-2014

### 1. Réamheolas

Leagann réamheolas Phlean Bainistíochta Bruscair 2011-2014 amach próifíl Chontae Átha Cliath Theas. Ós rud é go bhfuil an phróifíl seo leagtha amach sa phlean corparáideach cheana féin, meastar nach gá é a chur san áireamh sa Phlean Bainistíochta Bruscair chomh maith. Leagfaidh an Réamheolas le haghaidh 2015-2018 amach an reachtaíocht, freagrachtaí na n-earnálacha, pionóis agus struchtúr na straitéise.

### 2. Reachtaíocht um bruscar

Déanann an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, mar a leasaíodh, foráil chun truailliú ó bhruscar a chosc agus a rialú, chomh maith le haghlot áiteanna áirithe a chosc agus cuireann sé an creat reachtúil ar fáil le dul i ngleic le bruscar agus dumpáil mhídhleathach. Is é an phríomh-iontraim a bhíonn á húsáid ag an tSeirbhís Maoir Bruscair.

Déantar forálacha san Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, mar a leasaíodh, maidir le cosc, bainistíocht agus rialú dramhaíola agus cuireann sé creat rialaitheach ar fáil chun caighdeáin chomhshaoil níos airde a chur i bhfeidhm trí údarú agus rialú gníomhaíochtaí bailithe dramhaíl tráchtála, ceadú gníomhaíochtaí aisghabhála agus diúscartha dramhaíola, in éineacht le monatóireacht agus cigireacht gníomhaíochtaí dramhaíola go ginearálta.

Leagann Fodhlíthe 2012 um Dhramhaíl Tí amach na dualgais atá ar shealbhóirí tí maidir le deighilt, stóráil, cur i láthair agus bailiú dramhaíl tí agus ceistanna coimhdeacha iarmharacha gaolmhara bainistíochta dramhaíola.

Díríonn na Fodhlíthe um Bruscar a Chosc agus a Rialú, 2014, ar cheist an bhruscair, lena n-áirítear cruthaitheoirí bruscair agus leagtar amach iontu go soiléir freagracht na n-áititheoirí.

Leagann Fodhlíthe Chomhairle Contae Átha Cliath Theas (Stóráil, Deighilt ag an bhFoinse, Cur i Láthair agus Bailiú Dramhaíl Tráchtála), 2007, amach na dualgais atá ar shealbhóirí agus bailitheoirí dramhaíl tráchtála maidir le stóráil, deighilt ag an bhfoinse, cur i láthair agus bailiú dramhaíl tráchtála.

Rialacháin Dramhaíola a eascraíonn as an Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, mar a leasaíodh.



### 3. An Staid faoi Leith

Tá struchtúr na Roinne Comhshaoil tar éis a bheith athraithe ón bPlean Bainistíochta Bruscair deireanach agus tá Uisce agus Athrú Aeráide san áireamh ann anois. Athraíodh struchtúr inmheánach na Roinne chomh maith go Forfheidhmiú agus Ceadúnú, an Réimse Poiblí agus Feasacht Chomhshaoil.

#### Oibríochtaí sa Réimse Poiblí

Ba é struchtúr na gné oibríocháin den Roinn Seirbhísí Comhshaoil roimh Aibreán 2013 ná go raibh sí roinnte idir Rannóg Glantacháin, Rannóg Oibríochtaí, Rannóg Reiligí, Rannóg Bhainte Graifítí agus an Rannóg Seirbhísí Páirceanna Poiblí agus Tírdhreacha ina raibh líon iomlán 200 ball foirne. Athraíodh an struchtúr seo ó Aibreán 2013 agus tá na seirbhísí ar fad a bhí curtha ar fáil roimhe seo ag na rannóga thuasluaite á gcur ar fáil anois ag Rannóg an Réimse Phoiblí, ach tá an líon foirne tar éis laghdú anois go líon faoi bhun 170 mar gheall ar dhul ar scor agus iomarcaíochtaí deonacha.

Bhí dhá mhian ag baint leis an struchtúr nua – (1) solúbthacht uasta a bhaint amach sa soláthar seirbhíse ó na hacmhainní foirne atá ar fáil, rud atá bainte amach den chuid is mó, agus (2) gníomhaíochtaí na 4 rannóg a chomhtháthú (glantachán, oibríochtaí, reiligí agus páirceanna poiblí) rudaí a bhí oibrithe roimhe seo mar aonáin ar leith, agus baineadh seo amach den chuid is mó chomh maith. Tá an fhoireann sa Rannóg Oibríochtaí nach raibh páirteach roimhe seo ach i dtascanna glantacháin, tá siad ar fáil anois chun dualgais chothabhála féir is araile a chur i gcrích de réir mar is gá. Baineadh an tsolúbthacht chéanna amach ón bhfoireann a bhí sannta roimhe seo do rannóg na reiligí agus na bpáirceanna poiblí araon. Ach níl aon athrú ar ghnéithe áirithe den soláthar seirbhíse. Bíonn na seirbhísí a bhí curtha ar fáil ag an rannóg glantacháin roimhe seo (glantachán bailte agus sráidbhailte, seirbhísíú boscaí bruscair, baint nithe a bhíonn dumpáilte go mídhleathach agus cúnamh do ghrúpaí bailte slachtmhara agus pobail) curtha ar fáil ar an gcaoi chéanna mar a rinneadh roimhe seo go fóill. Mar chuid den chleachtadh pleanála lucht saothair atá á dhéanamh ag Príomhfheidhmeannach na Comhairle i láthair na huair, tá gá le hathbhreithníú breise ar sholáthar seirbhíse sa réimse seo agus tá sé tosaithe cheana.

In éineacht leis na seirbhísí a bhí curtha ar fáil trí shaothar díreach, tá conradh scuabtha bóithre agus seirbhísí gaolmhara ag an gComhairle le Oxigen Environmental Ltd. Cuirtear seirbhís scuabtha bóithre agus bainte bruscair ar fáil do gach bóthar, eastát tithíochta agus eastát tionsclaíoch de réir minicíocht shocraithe (go míosúil i gcás príomhbhóithre, go ráithiúil i gcás eastát tithíochta, dhá uair in aghaidh na bliana i gcás eastát thionsclaíoch) de réir an chonartha seo. Is iad na seirbhísí gaolmhara a chuirtear ar fáil faoin gconradh seo ná rialú fiailí, glantachán gáitéar agus baint duilleog i rith mhíonna an gheimhridh. Tá tuairim is 25 ball foirne sannta ag an gconraitheoir chun na seirbhísí seo a chur ar fáil.

#### Bonneagar Bainistíochta Dramhaíola

##### Láithreáin Conláistí Cathartha

Tá láithreán CC amháin ag an gComhairle, áit a nglactar le dramhaíl tí agus rudaí is féidir a athchúrsáil, ag Ascaill Bhaile an Mhóta. Tá láithreán eile atá á oibriú go príobháideach suite in eastát tionsclaíoch gar dó sin. Glacann láithreán na Comhairle le tuairim is 13,000 go 15,000 tonna in aghaidh na bliana, lena n-áirítear dramhaíl atá le bheith diúscair nó aisghafa agus rudaí is féidir a athchúrsáil.

##### Láithreáin ‘Fág Anseo’

Tá iomlán 74 láithreán ‘fág anseo’ ag an gComhairle ar fud an Chontae, áiteanna a nglactar le gloine, cannaí alúmanaim agus teicstílí. Tá conradh réigiúnach i bhfeidhm chun seirbhísíú a dhéanamh ar na láithreáin gloine agus cannaí, agus déantar seirbhísíú saor in aisce ar na háiseanna teicstílí ag láithreáin na Comhairle faoi chomhaontú le trí sholáthraí seirbhíse. Déantar tuairim is 5,000 tonna ábhar a athchúrsáil trí na háiseanna seo gach bliain.



### Athchúrsáil DTLL

Glacann áis TAPCD (CCRI) ag Ascaill na Creige, Cluain Dolcáin, rud a fhaigheann cúnamh suntasach airgeadais ón gComhairle, glacann sé le DTLL ón bpobal agus ó oibreoirí beaga tráchtála ar son na Comhairle. Bíonn bailiúcháin shoghluaiste déanta ag TAPCD in éineacht le laethanta 'DTLL san Obair'. Déantar tuairim is 150 tonna DTLL a athchúrsáil anseo agus déantar 700/800 tonna breise DTLL a ghlacadh agus a athchúrsáil trí CC Bhaile an Mhóta.

### Feasacht Chomhshaoil

Leanann an rannóg Feasachta Comhshaoil de chlár frithbhruscair a chur ar fáil a oibríonn le Forfheidhmiú agus an Réimse Poiblí trí fheasacht a mhúscailt ar an ngá atá le bruscar a chosc. Leanann Feasacht Chomhshaoil d'obair a dhéanamh chomh maith le scoileanna, grúpaí pobail, cumainn cónaitheoirí, Bailte Slachtmhara agus gnóthaí chun áit chónaithe, oibre agus ghnó den chéad scoth a dhéanamh dár gContae.

### Forfheidhmiú agus Ceadúnú

Tá foireann cúigear (5) Maoir Bruscair agus foireann ceathrar (4) Oifigeach Forfheidhmithe um Dhramhaíl ag an Rannóg Forfheidhmithe agus Ceadúnaithe a fhorfheidhmíonn an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, mar a leasaíodh, agus an tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 mar a leasaíodh. In éineacht leis sin, forfheidhmítear rialacháin faoi dhramhaíl agus freagrachtaí táirgeoirí maidir le bailiú dramhaíola, áiseanna dramhaíola, pacáistiú, málaí plaisteacha, cadhnaí agus taisc-chadhnaí, boinn agus dramhthrealamh leictreach agus leictreonach. Is é cuspóir uileghabhálach na Rialachán ná a chinntiú go mbíonn dramhaíl diúscairtha ar bhealach atá neamhdhíobhálach don timpeallacht, rátaí aisghabhála, athúsáide agus athchúrsála a mhéadú agus a chinntiú go gcloíonn Éire leis na spriocanna aisghabhála atá socraithe ag an AE.

Caithfidh Cead Bailithe Dramhaíola a bheith ag daoine a bhíonn ag bailiú dramhaíola ar bhonn tráchtála le cinntiú go mbaillítear, go sórtáiltear, go n-íompraítear agus go ndiúscaítear an dramhaíl i gceart, d'fhonn líon na gcásanna de dhumpáil mhídhleathach a laghdú.

Eisíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas ceadanna agus teastais chlárucháin le haghaidh gníomhaíochtaí sonraithe dramhaíola nach gá a bheith ceadúnaithe ag an GCC toisc a scála nó a nádúr. Próiseálann an Rannóg Forfheidhmithe agus Ceadúnaithe gach iarratas ar Cheadanna agus Teastais Chlárucháin d'Áiseanna Dramhaíola agus déanann siad monatóireacht ar na háiseanna seo le cloí le coinníollacha an Cheada/Teastais a chinntiú.

Déanann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil athbhreithniú leanúnach ar an Reachtaíocht agus na Rialacháin a rialaíonn sruthanna dramhaíola aonair i gcomhréir le Treoracha an AE agus forbairtí teicneolaíochta agus eile sa tionscal dramhaíola. Rinneadh nuashonrú in 2014 ar na Rialacháin a rialaíonn Feithiclí Deireadh Saoil, Pacáistiú, Cadhnaí agus Taisc-Chadhnaí chun cur ar fáil a dhéanamh d'eisiúint Fógraí um Pionós Seasta le haghaidh sárúithe áirithe tionscnaimh freagrachtaí táirgeoirí ó dháta in 2015 agus d'fhonn cásanna de dhiúscairt dramhaíola gan chead agus dumpáil mhídhleathach a laghdú.

Rinneadh nuashonrú chomh maith ar na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Cead agus Clárú Áiseanna) 2007 in 2014, rud a chiallaigh gur ghá leasú a dhéanamh ar 29 cead áis dramhaíola chun coinníollacha breise a chur san áireamh chun críocha feabhsú a dhéanamh ar inrianaitheacht sruthanna dramhaíola áirithe agus chun an comhshaoil agus sláinte an duine a chosaint. Anuas air sin, tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gcóras ceadúnaithe bailithe dramhaíola i láthair na huair.

Tá an Rannóg Forfheidhmithe agus Ceadúnaithe airdeallach ar riachtanais na leasuithe go léir ar an Tionscnaimh Freagrachtaí Táirgeoirí agus leanann siad den reachtaíocht agus rialacháin bhainteacha go léir a fhorfheidhmiú d'fhonn dul i ngleic leis an bhfadhb bhruscair agus dumpála mídhleathach.



Bíonn gach gearán a fhaightear maidir le tionchar féideartha agus iarbhir diúltach ar an gcomhshaoil logáilte agus rianaithe sa Chóras Gearáin Comhshaoil (CGC), rud a tugadh isteach i rith shaolré an Phlean reatha. Tá feabhsú déanta ag an CGC ar rianú agus monatóireacht gearán, rud a chuireann seirbhís níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ar fáil do chustaiméirí agus don Chomhairle agus úsáidtear é mar uirlis bhainistíochta chun feabhsuithe comhshaoil a dhéanamh.

Bíonn gach gearán imscrúdaithe ag Maoir Bruscair nó Oifigigh Forfheidhmithe na Comhairle um Dhramhaíl agus é faoi réir nádúr na faidhbe. Ansin déantar an gníomh forfheidhmithe is cuí i gcás go meastar é a bheith riachtanach. Úsáidtear sraith beart de bhun na reachtaíochta agus na rialachán bainteach:

- Fógraí um Pionós Socraithe nó Fógraí a eisiúint a thugann ar dhaoine/dreamanna ar leith dramhaíl a ghlanadh suas agus a bhaint de bhun an Achta um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, mar a leasaíodh.
- Fógra a Eisiúint, de bhun Alt 14 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, mar a leasaíodh, rud a thugann ar shealbhóir dramhaíola bearta a dhéanamh chun riosca an truaillithe chomhshaoil a bhaint.
- Fógra a Eisiúint, de bhun Alt 18 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, mar a leasaíodh, rud a thugann ar dhaoine/dreamanna eolas a eisiúint.
- Fógra a Eisiúint, de bhun Alt 55 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, mar a leasaíodh, rud a thugann ar dhaoine/dreamanna bearta ar leith a dhéanamh chun truailliú comhshaoil a chosc nó a theorannú

#### 4. Aidhm, Cuspóirí agus Straitéis Feidhmithe an Phlean Bhainistíochta Bruscair

**Cuspóir 1: Cláir a fhorbairt le díriú ar na catagóirí bruscair éagsúla, áiteanna a bhfuil fadhb mhór acu le bruscar agus bealaí mídhleathacha ina ndiúsraítear dramhaíl/bruscar**

Cuireadh tionscnaimh Feasachta Comhshaoil i bhfeidhm maidir leis na catagóirí bruscair seo a leanas, Bruscar Toitíní, Pacáistiú, Bruscar Gumma, Bruscar Graifítí/Mearbhia, Salú ag Madraí, Bruscar Póstaer/Comharthaí, Feithiclí Deireadh Saoil.

Tá sé beartaithe i rith shaol an chéad Phlean Bainistíochta Bruscair eile go leanfar de thionscnaimh chomhchosúla Feasachta Comhshaoil mar chuid de chlár frithbhruscair na Comhairle go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil. Chomh maith leis sin, ba chóir féidearthacht rannpháirtíochta i bhfeachtais bhreise réigiúnacha agus náisiúnta a fhiosrú, ar aon dul leis na tionscnaimh réigiúnacha maidir le salú ag madraí, tionscnamh na Siúlóirí Glasa Madraí agus Bruscar Gumma. Tá sé i gceist deiseanna breise le comhlachtaí stáit / poiblí a fhiosrú maidir le forbairt Meamram Tuisceana ar an aon dul leis an gceann atá i bhfeidhm le BSL maidir le nósanna imeachta le déileáil le dumpáil mhídhleathach dramhaíola, bruscar agus graifítí ag fostáisiúin Lónra BSL i limistéar údaráis áitiúil Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Ar an gcaoi chéanna, tá sé beartaithe tionscnaimh bhreise a fhorbairt ar chaitheamh bruscair m.sh. asraonta soghluaiste. Reáchtáil údaráis Bhaile Átha Cliath tionscnamh chomh maith chun aird a dhíriú ar dhiúscairt chuí carranna agus an gá atá le bheith feasach ar na rialacháin dramhaíola.

Léiríonn an córas bainistíochta sceideal (Is córas leictreonach bainistíochta sruthanna oibre é an Córas Bainistíochta Sceideal a bhí forbartha ag CCÁCT. Cumasaíonn an córas seo sceidealú sruthanna oibre, tascanna agus acmhainní ar bhealach pleanáilte agus éifeachtúil.) go raibh 604 glantachán sceidealta in áiteanna a bhí sainithe mar áiteanna a raibh fadhb mhór acu le dumpáil mhídhleathach in 2014. Rinneadh na babhtá glantacháin seo a chur i gcrích i gcomhréir leis an sceideal go seachtainiúil. Tá gá le hathbhreithniú a





dhéanamh ar liosta na n-áiteanna sainithe a bhfuil fadhb mhór iontu le dumpáil mhídhleathach, agus gá leis an liosta seo a athbhreithniú go leanúnach le cinntiú go n-aithnítear áiteanna eile a bhfuil fadhb mhór le dumpáil mhídhleathach iontu agus go gcuirtear san áireamh iad sa sceideal de réir mar is gá.

## **Cuspóir 2: Nós imeachta gearán faoi bhruscar atá dírithe ar chustaiméirí a fhorbairt d'fhonn plé go héifeachtach agus go héifeachtúil le gearáin**

Tugadh isteach agus forbraíodh an Córas Gearáin Chomhshaoil go sonrach chun gach gearán faoi dhochar nó dochar féideartha don chomhshaoil a thaifeadadh agus a rianú. Úsáidtear é i gcomhréir le Córas Cúram Custaiméirí na Comhairle le cinntiú go mbíonn gach gearán logáilte agus imscrúdaithe agus cuireann sé an t-eolas atá de dhíth ar fáil don fhoireann chun gur féidir leo freagra a thabhairt ar cheisteanna na gcustaiméirí go héifeachtúil agus go héifeachtach. Anuas air sin, forbraíodh córas 'Fix Your Street' go himmheánach chun tuairisciú ar líne ag an bpobal ar fhadhbanna amhail dumpáil mhídhleathach agus graifítí a éascú.

Tá líne thiomnaithe fóin ar fáil le teagmháil dhíreach an phobail leis an tSeirbhís Maoir Bruscair a éascú, le cinntiú go bhfaightear gach tuairisc agus go ndírítear orthu go pras. Tugtar freagraí ar thuairiscí a fhaightear trí Facebook agus Twitter chomh maith agus déantar iad a imscrúdú chomh tapa agus is féidir.

## **Cuspóir 3: Leanúint d'fhorfheidhmiú gníomhach na reachtaíochta, rialacháin agus fodhlíthe um thruailliú ó bhruscar agus um bainistiú dramhaíola**

### **3.1 Na fodhlíthe dramhaíola a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú**

Na Fodhlíthe um Dhramhaíl Tí a chur i bhfeidhm - Eisíodh fógraí do theaghlaigh i gceantair ina mbíonn cásanna rialta de dhumpáil mhídhleathach inar iarradh fianaise ar a modh diúscair dramhaíola agus iad ag cur a ndualgas faoi na Fodhlíthe um Dhramhaíl Tí i gcuimhne dóibh. Cruthaíodh bileog ar an gcaoi le do dhramhaíl tí a bhainistiú agus seachadadh í chuig gach áit chónaithe sa Chontae. Ullmhaíodh bileog faoi bhailiú mídhleathach dramhaíola agus tá sí curtha ar fáil do ghrúpaí pobail agus cumainn cónaitheoirí agus dáiltear í ar áiteanna cónaithe nuair a chuirtear an Chomhairle ar an eolas faoi bhailiú beartaithe mídhleathach.

Idir 2011 agus 2014, tháinig laghdú ar líon na ngearán ó bhuaic 4366 in 2011 go 2891 in 2014, agus is ionann seo agus laghdú os cionn 33%. Is féidir seo a lua le hathshannadh baill foirne a bhí ag obair roimhe seo sa tseirbhís bhailithe dramhaíola go hOibríochtaí, rud a chiallaigh gur tháinig méadú ar bhaint bruscair agus glantachán. Sa tréimhse chéanna, tháinig laghdú faoi bhun 20% ar líon na bhFógraí um Pionós Socraithe (rudáí ar tugadh fineálacha ar an láthair orthu roimhe seo) a eisíodh, de bhun an Achta um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, mar a leasaíodh, agus dhúbail líon na bhfógraí reachtúla (eisiúint fógra a thugann ar dhuine/comhlacht bruscar a bhaint nó bearta a dhéanamh) a eisíodh nach mór. Tá sé seo suntasach i gcás timpeallacht oibríocháin ina bhfaightear go méadaitheach go mbíonn eolas faoi thruaillitheoirí líomhnaithe á bhaint.

Bhí sé mar thoradh ar bhunú Rannóg thiomnaithe Forfheidhmithe agus Ceadúnaithe gur tháinig méadú 112% ar ghníomhaíocht forfheidhmithe de bhun an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996, mar a leasaíodh, idir 2011 agus 2014, agus 106 fógra reachtúil eisithe in 2014. Tháinig méadú os cionn 400% ar líon na gcuairteanna cigireachta agus iniúchtaí ar áiseanna ceadaithe.



Tionscnaíodh 13 ionchúiseamh in 2013 as bailiú mídhleathach dramhaíola agus tharla ciontú i gcás 10 gcinn acu. Tionscnaíodh ionchúiseamh i gceithre chás in 2014 mar gheall ar bhailiú mídhleathach dramhaíola agus éisteadh le cás amháin acu sa chúirt nuair a rinneadh an breitheamh rogha bhreithiúnach gan ciontú a thaifeadadh. Tá na trí chás atá fágtha liostaithe le haghaidh éisteachta in 2015 agus tá imscrúduithe ar siúl go fóill i gcás 6 chás breise.

Ó glacadh leis na Fodhlíthe um Dhramhaíl Tí, 2012, tá an Rannóg Forfheidhmithe agus Ceadúnaithe tar éis forálacha na bhFodhlíthe a úsáid chun 409 litir a eisiúint in 2013 agus 864 acu in 2014 do shealbhóirí tí le tabhairt orthu sonraí a chur ar fáil faoina modh diúscartha dramhaíola. I gcásanna gur theip ar shealbhóirí tí freagra a thabhairt ar a leithéid de litreacha, eisíodh litreacha rabhaidh dóibh.

### **3.2 Clár bliantúil a ullmhú chun aird a dhíriú ar fhreagrachtaí na n-earnálacha éagsúla faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar**

Bhí Fodhlíthe Bruscair chun bruscar a chosc agus a rialú rite ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas in 2013

#### **Cuspóir 4: Na córais diúscartha bruscair atá ar fáil don phobal a fheabhsú**

Déanann CCÁCT infheistíocht mhór i ndiúscairt dramhaíola gach bliain agus caitear tuairim is €300,000 go bliantúil ar sholáthar na seirbhíse seo. Ina ainneoin seo, is é fírinne an scéil ná go bhfuil an tseirbhís réasúnta statach i láthair na huair, gan méadú substainteach ar bith ar líon na ngabhdán a bhíonn ann ó bhliain go bliain (caitear an chuid is mó den airgead ar sheirbhísíú/athsholáthar boscaí bruscair) agus is beag feabhsú eile atá déanta ar an tseirbhís le blianta beaga anuas. D'aithin Plean Bainistíochta Bruscair 2011 go 2014 na gníomhartha seo a leanas atá le bheith déanta faoin gCuspóir seo thar shaolré an phlean –

- Leanúint de thaighde a dhéanamh ar chórais diúscartha bruscair agus clár a ullmhú leis na haonaid reatha a nuashonrú,
- Clár leanúnach feabhsúcháin a chur i bhfeidhm,
- Conairí a aithint chun cúiseanna a dhíchur agus suíomhanna boscaí bruscair a mhionathrú,
- Obair a dhéanamh le soláthraithe seirbhísí iompair d'fhonn deireadh a chur le bruscar ag a limistéir seirbhíse,
- Obair a dhéanamh le gnóthaí áitiúla ar sholáthar agus seirbhísíú boscaí bruscair.

Cé go raibh roinnt oibre déanta thar thréimhse an phlean ar na nithe gnímh seo, tá siad ar siúl go fóill agus is gá obair bhreise a dhéanamh orthu go léir. Tá boscaí bruscair in áiteanna i mbailte agus sráidbhailte le bheith athsholáthartha sna blianta amach romhainn faoi na scéimeanna tionscnamh sráidbhaile, agus saoróidh sé seo acmhainní an réimse phoiblí méid áirithe, rudaí is féidir a dhíriú ansin ar fheabhsuithe in áiteanna eile. Ba chóir an obair seo a phleanáil chun go ndéanfar i rith na gcúig bliana amach romhainn í. Leanann an Chomhairle d'iarratais a fháil ar bhoscaí bruscair le haghaidh cac madraí agus ar bhoscaí bruscair dhá fheidhm ina nglactar le dramhaíl in-athchúrsáilte agus indiúscartha in dhá chuid ar leith. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar chórais boscaí bruscair cliste a thabhairt isteach, ós rud é go bhféadfaidís seo cabhrú le héifeachtúlacht a fheabhsú in éineacht le cáilíocht na seirbhíse. Tá an obair a bhfuil gá leis chun suíomhanna barmhaithe a aithint do bhoscaí bruscair déanta cuid mhaith, ach tá gá le hobair bhreise in éineacht le clár pleanáilte oibre chun a leithéid d'athruithe a chur i gcrích. Ba chóir do CCCÁCT machnamh a dhéanamh chomh maith ar athruithe a dhéanamh ar an gcóras atá i bhfeidhm chun seirbhísíú a dhéanamh ar bhoscaí bruscair i mbailte agus sráidbhailte an Chontae. Ligeann an córas atá i bhfeidhm i láthair na huair do gach bosca bruscair a bheith seirbhísithe uair amháin in aghaidh an lae, ach dá mbeadh seirbhísíú na mboscaí bruscair sna sráidbhailte cuimsithe sa tseirbhís ghlantacháin sráidbhaile, d'fhéadfaí gach ceann de na boscaí bruscair seo a sheirbhísíú de réir mar is gá i rith an lae. Tá gá le teagmháil bhreise le soláthraithe iompair agus an earnáil ghnó (go leanúnach) chun fíor-athrú substainteach a bhaint amach i gcás an bhruscair a chruthaítear sna háiteanna seo.



## Cuspóir 5: Na deiseanna athchúrsála sa Chontae a leathnú

Moltaí na straitéise athchúrsála a chur i bhfeidhm. Bíonn feachtas athchúrsála curtha ar fáil go leanúnach trí cheardlanna agus cainteanna a bhíonn tairgthe don phobal agus do scoileanna.

Cuireadh comórtais frithbhruscair agus athchúrsála ar siúl. In éineacht leis sin, bhí ceardlanna/ócáidí athchúrsála mar chuid de thionscnaimh Feasachta Comhshaoil na hÉiceasheachtaine, feachtais Oíche Shamhna agus Nollag, agus clár na scoileanna glasa

Cruthaíodh bileog ar an gcaoi le do dhramhaíl tí a bhainistiú ina raibh eolas faoi athchúrsáil chomh maith, agus seachadadh í chuig gach áit chónaithe sa Chontae.

Cuireadh na gabhdáin dhonna (le haghaidh dramhaíl orgánach) ar fáil agus cuireadh tús le feachtas feasachta ar an gcaoi leis an ngabhdán donn a úsáid i gceart chun dramhaíl orgánach a athchúrsáil. Cuireadh an t-eolas seo ar fáil do gach cónaitheoir a úsáideann an tseirbhís. Chuimsigh an feachtas fógra, paca eolais, greamán bosca bruscair agus líne theileafóin eolais. Reáchtáladh roinnt Ardchúrsaí ar Mhúiríníú i rith shaolré an phlean agus bunaíodh láithreán muirínithe don phobal i bpáirt Chorcaí. Tá sé seo ar oscailt do mhuintir an phobail agus cuimsíonn sé limistéar do chur i láthair stíleanna éagsúla muirínithe.

Chuir an feachtas Bleibeanna seachas Tinte Cnámh bleibeanna ar fáil saor in aisce do chónaitheoirí a chuireann malairt ar fáil ar thraidisiún na Tine Cnámh nó a dhéanann glantachán is araile.

Tugadh saorchead isteach sa Chonláiiste Cathartha i mBaile an Mhóta do gach iarratas Creidmheasanna Sóisialta a rinneadh i rith mhí Dheireadh Fómhair.

Caithfear an straitéis athchúrsála (atá i bhfeidhm ó thart ar 2006/2007) a athbhreithniú. Caithfimid athmhachnamh a dhéanamh san athbhreithniú sin ar an gcaoi is fearr le láithreáin ‘fág anseo’ a choinneáil glan, agus bealaí a aithint leis na daoine sin a bhaineann mí-úsáid as na láithreáin trí chaitheamh bruscair/dumpáil mhídhleathach a ionchúiseamh. Tá cuid mhaith de na láithreáin ar mhaoin phríobháideach agus iad faoi bhagairt a bheith bainte mura stopfar an caitheamh bruscair / dumpáil ag na háiteanna seo. Déanann an Chomhairle glantachán ag thart ar 50% de na láithreáin, sna háiteanna is mó ina bhfuil fadhb dhumpála. Déanann an soláthraí seirbhíse glantachán chomh maith i gcomhréir leis an gconradh ag na láithreáin go léir. Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe seo go léir le cinneadh an leor iad.

Scrúdófar roghanna chun straitéis choiscthe a fhorbairt. Beidh tionscnamh Caiféanna Deisiúcháin bunaithe ag gach ceann de na hÚdaráis Áitiúla sa limistéar Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola de Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, rudaí a chuirfidh deisiú seachas diúscairt rudaí chun cinn agus a chumhachtóidh saoránaigh le foghlaim faoin gcaoi le saol a sealúchais féin a shíneadh.

## Cuspóir 6: Leanúint de mhonatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís ghlantacháin bóithre d'fhonn seirbhís níos fearr a chur ar fáil

Tá an obair seo ar siúl go leanúnach i rith shaol an phlean atá i bhfeidhm faoi láthair agus tá monatóireacht dhlúth á déanamh ar sholáthar na seirbhísí go leanúnach. Cuireadh an conradh scuabtha bóithre amach ar tairiscint arís ag deireadh 2011 agus cuireadh conradh nua i bhfeidhm ó 1 Aibreán 2012. Tá an Chomhairle ag ullmhú chun conradh nua a fháil sna míonna amach romhainn agus feabhsófar na riachtanais a bheidh sonraithe maidir le scóip na seirbhísí a chuirfear ar fáil, d'fhonn seirbhís fheabhsaithe a bhaint amach.



Ó cuireadh tús leis an bplean reatha maidir le bruscar, tá na seirbhísí díreacha saothair atá curtha ar fáil ag an gComhairle sna réimsí cothabhála féir agus tírdhreacha, glantacháin agus cothabhála reiligí tar éis a bheith tugtha le chéile faoi rannóg cothabhála an réimse phoiblí. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil anois de réir cláir agus de réir minicíocht réamhshocraithe atá leagtha síos i gcóras bainistíochta sceidil oibre. Tá na cláir bhainteacha oibre le haghaidh 2015 á socrú sa chóras seo i láthair na huairé agus tá dátaí bainteacha le haghaidh sholáthar na seirbhíse á gcur i bhfeidhm. Mar chuid den phróiseas seo, tá an Chomhairle ag scrúdú na minicíochta réamhshocraithe le dearbhú cé na feabhsuithe is féidir a bhaint amach ón tseirbhís, más féidir a leithéid a dhéanamh in aon chor.

### **Cuspóir 7: Clár bainistíochta bruscair a fhorbairt le haghaidh ceantair uirbeacha shainithe sa Chontae – Cathair Thamhlachta, lár baile Chluain Dolcáin, lár baile Leamhcáin srl**

Cé go bhfuil cuid mhaith de na seirbhísí a chuirtear ar fáil i réimsí an ghlantacháin sráideanna agus eastát, cothabháil reiligí, páirceanna poiblí agus spásanna oscailte, cé go bhfuil siad tar éis athrú sa chaoi a gcuirtear ar fáil iad tar éis do rannóg an réimse phoiblí a bheith cruthaithe, níl aon athrú ar na seirbhísí glantacháin bailte agus sráidbhailte agus boscaí bruscair a chuirtear ar fáil go laethúil. Cuirtear na tascanna céanna i gcrích sna ceantair chéanna mar a rinneadh roimhe seo, tá an struchtúr foirne mar an gcéanna chomh maith, in éineacht leis an gcaoi a ndéantar na tascanna a chur i gcrích. Úsáidtear an uirlis bhainistíochta sceideal a forbraíodh sa Chomhairle le cabhrú le bainistíocht na seirbhíse seo, ar aon dul leis na seirbhísí eile réimse phoiblí. Ag tús 2014, ceapadh agus comhaontaíodh plean seirbhísí don réimse poiblí leis an mBainisteoir Contae agus leag an plean seo amach réimse na seirbhísí a chuirfear ar fáil i rith na bliana agus d'aithin sé na hacmhainní a úsáidfeadh i ngnéithe éagsúla an phlean de réir mar a leanann an bhliain ar aghaidh. Bhí sé beartaithe ag an am sin go n-úsáidfí acmhainní breise foirne le haghaidh oibreacha cothabhála agus feabhsaithe sráidbhailte, rud a dhéanadh feabhsú mór ar chur i láthair na bpríomh-lárionad sa Chontae dá réir. Ar an drochuair, níor baineadh seo amach; is beag acmhainní breise a úsáideadh sna sráidbhailte i rith 2014 (amach ó ghlantacháin mhaidin an Domhnaigh, rud a tugadh isteach arís in Iúil 2014) agus ba bheag feabhsú a rinneadh dá bharr. Ba chóir an cheist seo a bhreithniú anois in 2015 i gcomhthéacs an phlean lucht saothair agus an phlean nua bhainistíochta bruscair. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh anois leis na hacmhainní breise riachtanacha a chur ar fáil do lár bhailte agus shráidbhailte an Chontae chun an feabhsú inmhianaithe ar chur i láthair a dhéanamh, agus ba chóir go mbeadh na hathruithe sin léirithe sna sceidil oibre atá sa chóras bainistíochta sceideal. Ba chóir scrúdú mionsonraithe a dhéanamh anois ar an mbealach a dhéantar tascanna éagsúla a chur i gcrích sna ceantair lárnacha seo chun an réiteach is éifeachtaí a chinneadh. Mar shampla, déantar seirbhísí ar bhoscaí bruscair atá suite i sráidbhailte in éineacht le boscaí bruscair in áiteanna eile i láthair na huairé. Deacracht amháin a bhaineann leis seo ná nach féidir bosca bruscair ar bith a sheirbhísiú níos minice ná uair sa lá mar atá an tseirbhís cumraithe i láthair na huairé. Dá ndéanfaí seirbhísiú ar bhoscaí bruscair sráidbhailte mar chuid den tseirbhís ghlantacháin sráidbhailte, ba chóir go bhféadfaí gach ceann acu a sheirbhísiú chomh minic agus is gá. Beidh gá le hathbhreithniú iomlán agus ollchóiriú sceidil oibre sna sráidbhailte mar atá siad socraithe faoi láthair chun seo a dhéanamh.



## **Cuspóir 8: Cláir bhainistíochta bruscair, oideachais agus feasachta a ullmhú a chuireann rannpháirtíocht an phobail/lucht gnó, féiniúlacht agus freagracht an phobail, freagracht phearsanta, gníomhaíocht óige is araile chun cinn**

- 8.1 Líonra scoileanna glasa a eagrú chun aird a dhíriú ar bhruscar agus a dhrochthionchar.
- 8.1.1.1 Bíonn cruinniú líonra scoileanna glasa curtha ar siúl gach bliain. Tugtar cuireadh do na scoileanna go léir sa Chontae agus cuirtear chun cinn é trí nuachtlitir scoile “Green Times”, rud a sheoltar chuig gach scoil sa Chontae chomh maith
- 8.2 Comórtas scoile a eagrú agus béim ann ar dheireadh a chur le bruscar
- 8.2.1 Cuirtear comórtas comhshaoil scoileanna/daoine óga ar siúl gach bliain. Déantar teagmháil le gach scoil sa Chontae faoin gcomórtas agus cuirtear chun cinn é trí na meáin shóisialta. Bronnann an Méara duais ar bhuaiteoirí an chomórtais seo gach bliain
- 8.3 Spreagadh a thabhairt do gach scoil clárú le haghaidh chlár na scoileanna glasa
- Tá 135 scoil i gContae Átha Cliath Theas agus tá 125 acu cláraithe i gclár na scoileanna glasa agus tá bratach bainte amach ag 99 ceann acu. Déantar teagmháil leis na scoileanna gach bliain faoi chlár na scoileanna glasa agus spreagtar iad le páirt a ghlacadh ann. Cuirtear tacaíocht leanúnach ar fáil dóibh trí cheardlanna, cainteanna, measúnuithe, comórtais, nuachtlitreacha agus treoir/cúnamh trí ríomhphost agus tacaíocht teileafóin. Bronnadh 37 bratach i limistéar riaracháin CCÁCT in 2013-2014. Spreagann clár na Scoileanna Glasa na scoileanna le páirt a ghlacadh agus iad ag tosú leis an gcéad bhratach i gcás bruscair agus dramhaíola. Nuair a bhíonn an bhratach seo bainte amach ag na scoileanna, bogann siad ar aghaidh go dtí na 4 théama eile, ach caithfidh siad leanúint den obair ar bhruscar agus dramhaíl ar feadh an chlár go léir, ós rud é go ndéantar athbhreithniú air seo i rith phróiseas an mheasúnaithe.
- 8.4 Ullmhaigh clár oiliúna feasachta ar bhruscar don fhoireann
- 8.4.1 Oibríonn Feasacht Chomhshaoil le ranna eile de réir mar is cuí. Mar chuid den Éiceasheachtain, cuirtear ceardlanna ar siúl do gach duine ar athchúrsáil, laghdú agus cosc. Cuireadh ailt frithbhruscair in irisí ‘South Dublin Today’ chomh maith m.sh. alt ar “5 bhealach éasca le DRAMHAÍL a laghdú agus airgead a choigilt”, rud a chuimsigh laghdú, athúsáid agus athchúrsáil, salú ag madraí agus bailiúcháin mhídhleathacha dramhaíola. Cuireadh ceardlann feasachta ar bhruscar ar siúl don fhoireann go léir ó gach roinn chun cur chuige comhoibríoch ar fud na Comhairle a spreagadh chun contae atá saor ó bhruscar a bhaint amach.
- 8.4.2 Pacáiste tacaí a fhorbairt, le fógraí, bileoga agus fógraíocht san áireamh chun aird a dhíriú ar dhualgais úinéirí madraí.
- 8.4.3 Seoladh clár na Siúlóirí Glasa Madraí in Aibreán 2013 agus tá an pobal tar éis glacadh leis go fonnmhar. Tá 566 duine tar éis clárú leis an gclár go dtí seo. Tá tacaí ar fáil chomh maith do dhaoine den phobal ar mhaith leo an clár a chur chun cinn ina gceantar féin – comharthaí, meirgí agus foirmeacha gealltanais. Sheol ceithre údarás áitiúla Bhaile Átha Cliath feachtas samhraidh in 2014 le dul i ngleic le salú ag madraí agus tá comharthaí nua in aghaidh salú ag madraí ar crochadh anois ar fud limistéir na gceithre údarás áitiúla. Leagann na comharthaí nua béim ar na rioscaí sláinte a bhaineann le salú ag madraí, an costas ar úinéirí madraí nach mbíonn ag glanadh suas i ndiaidh a madraí agus iarrtar ar úinéirí madraí gan ach “loirg lapáí a fhágáil” ina ndiaidh. Seoladh beolíne nua chun salú ag madraí a thuairisciú chomh maith ag 1800251500. Eisíodh fógra athnuachana do shealbhóirí ceadúnas madra le haghaidh 2013/2014, agus bhí eolas ann ar an gcaoi le bheith i do Shiúlóir Glas Madraí.



8.5 Leanúint d'fheachtais frithbhruscair a chur chun cinn.

8.5.1 Cuirtear feachtais frithbhruscair chun cinn go leanúnach. Féach ar an nasc le tábla na dtionscnamh frithbhruscair / Feasacht Comhshaoil a cuireadh i gcrích. Anuas air sin, cuirtear an teachtaireacht frithbhruscair chun cinn trí phreaseisiúintí chuig na meáin, [www.sdcc.ie](http://www.sdcc.ie), Facebook, Twitter, iris 'South Dublin Today', póstaer, tobtaispeántais is araile ag ócáidí feasachta.

8.6 Suirbhé a ullmhú chun aird a dhíriú ar mheon na n-earnálacha éagsúla i leith bruscair sa Chontae agus clár a fhorbairt le hionadaithe pobal, grúpaí agus gnóthaí chun sprioc an phlean a chur i gcrích - Comhairle Contae Átha Cliath Theas – contae saor ó bhruscar.

8.6.1 Ní dhearnadh suirbhé, ach forbraíodh agus soláthraíodh tionscnamh cuimsitheach frithbhruscair do phobal Chontae Átha Cliath Theas mar fhreagra ar cheisteanna Comhairle agus ceisteanna cúram custaiméirí a bhí nasctha leis na cuspóirí atá leagtha amach i PBB 2011- 2014.

8.7 Rannpháirtíocht an phobail a spreagadh chun contae atá saor ó bhruscar a bhaint amach

8.7.1 Spreagtar pobail go leanúnach le bheith páirteach i gContae atá saor ó bhruscar a bhaint amach trí cheardlanna, siopaí, comórtais, póstaer, cainteanna, ailt sa phreas, ag [www.sdcc.ie](http://www.sdcc.ie), Facebook agus Twitter.

Nuair a tosaíodh an Plean Bainistíochta Bruscair in 2011, bhí 1 ghrúpa amháin Bailte Slachtmhara i gContae Átha Cliath Theas, agus tá 12 ghrúpa Bailte Slachtmhara sa Chontae anois. Tharla cruinnithe poiblí Bailte Slachtmhara ag a raibh cainteoirí ó ghrúpaí eile BS a bhuaigh an comórtas náisiúnta roimhe seo. Chomh maith leis sin, bhí cainteanna déanta ag cainteoirí a d'fhéadfadh cabhrú leis na grúpaí ina gcuid oibre. Bunaíodh líonra Bailte Slachtmhara i gContae Átha Cliath Theas. Is deis é an líonra do ghrúpaí líonrú a dhéanamh agus a n-eispéireas a roinnt. Buailteann an grúpa le chéile go míosúil.

Ó ceapadh an plean, forbraíodh agus cuireadh an Scéim Creidmheasanna Sóisialta i bhfeidhm chomh maith. Tugann an Scéim Creidmheasanna Sóisialta (SCS) luaíocht do ghrúpaí pobail a fheabhsaíonn a dtimpeallacht trí ghníomhartha a dhéanamh ar son an chomhshaoil, amhail glantachán ag an bpobal, cothabháil gairdíní pobail, graifítí a bhaint agus fiailí a bhaint de chosáin. Tá an scéim ar oscailt do gach grúpa pobail i limistéar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Má tá tuilleadh eolais uait ar chreidmheasanna sóisialta, tabhair cuairt ar [www.socialcredits.ie](http://www.socialcredits.ie)

8.7.2 Mar chuid de Ghradaim an Phobail, reáchtáladh comórtas Chontae Átha Cliath Theas Álainn in 2012. Tá an Rannóg Tithíochta agus Pobail ag tabhairt isteach an ghradaim Díchill mar luaíocht do ghrúpa pobail agus Bailte Slachtmhara.

8.8 Glantachán ag an bPobal a chur chun cinn

8.8.1 Cuirtear Glantachán ag an bPobal chun cinn tríd an gclár Creidmheasanna Sóisialta. Ba chóir an clár creidmheasanna sóisialta a athbhreithniú agus a nuashonrú mar chuid den chéad Phlean Bainistíochta Bruscair eile

8.9 Teagmháil a dhéanamh leis na heagraíochtaí a bhfuil ionadaíocht déanta ar a son ar an mBord Forbartha Contae chun contae atá saor ó bhruscar a chur chun cinn, mar a comhaontaíodh i nGníomh Tosáíochta 23

8.9.1 Rinne an Chomhairle teagmháil le roinnt eagraíochtaí a bhfuil ionadaíocht déanta ar a son ar an mBord Forbartha Contae chun contae atá saor ó bhruscar a chur chun cinn. Mar shampla, cuireadh dhá ócáid Malartaithe Acmhainní SMILE ar siúl do ghnóthaí sa Chontae agus iad ag cuimsiú oibre le Comhlachas Tráchtála Átha Cliath Theas agus Bord Fiontraíochta Átha Cliath Theas. Cuireadh deireadh leis an mBord Forbartha Contae mar chuid d'athbhreithniú in 2014.

Tá sé beartaithe meicníochtaí a athbhreithniú le haghaidh idirghníomhú agus clár oiliúna na foirne



## Cuspóir 9: Rannpháirtíocht ghníomhach i bhFeachtais Frithbhruscair a Spreagadh

- 9.1 Feachtais frithbhruscair a chur chun cinn .i. Glantachán Náisiúnta Earraigh
- 9.1.1 Cuirtear feachtais frithbhruscair chun cinn go leanúnach. Anuas air sin, cuirtear an teachtaireacht frithbhruscair chun cinn trí phreaseisiúintí chuig na meáin, [www.sdcc.ie](http://www.sdcc.ie), Facebook, Twitter, iris 'South Dublin Today', póstaer, tobtaispeántais is araile ag ócáidí feasachta.
- 9.2 Rannpháirtíocht i gcomórtais amhail Contae Átha Cliath Theas Álainn a chur chun cinn.
- 9.2.1 Mar chuid de Ghradaim an Phobail, reáchtáladh comórtas Chontae Átha Cliath Theas Álainn in 2012. Tá an Rannóg Tithíochta agus Pobail ag tabhairt isteach an ghradaim Díchill mar luaíocht do ghrúpa pobail agus Bailte Slachtmhara.
- 9.3 Na feachtais frithbhruscair a chur chun cinn leis an suíomh gréasáin agus trí na meáin shóisialta.
- 9.3.1 Cuirtear gach feachtas frithbhruscair chun cinn trí phreaseisiúintí chuig na meáin, [www.sdcc.ie](http://www.sdcc.ie), Facebook, Twitter, iris 'South Dublin Today', póstaer, nuachtlitreacha, tobtaispeántais is araile ag ócáidí feasachta.
- 9.4 Rannpháirtíocht na bpobal, na scoileanna, grúpaí agus gnóthaí i bhfeachtais frithbhruscair a spreagadh
- 9.4.1 Spreagtar pobail, scoileanna, grúpaí Bailte Slachtmhara agus cumainn cónaitheoirí go leanúnach le páirt a ghlacadh i bhfeachtais frithbhruscair trí cheardlanna, comórtais, póstaer, cainteanna, ailt sa phreas, ag [www.sdcc.ie](http://www.sdcc.ie), Facebook, Twitter agus an Scéim Creidmheasanna Sóisialta.
- Spreagann clár na Scoileanna Glasa na scoileanna le páirt a ghlacadh agus iad ag tosú leis an gcéad bhratach i gcás bruscair agus dramhaíola. Nuair a bhíonn an bhratach seo bainte amach ag na scoileanna, bogann siad ar aghaidh go dtí na 4 théama eile, ach caithfidh siad leanúint den obair ar bhruscar agus dramhaíl ar feadh an chláir go léir, ós rud é go ndéantar athbhreithniú air seo i rith phróiseas an mheasúnaithe.
- Bíonn an Éiceasheachtain ar siúl gach bliain agus cuimsíonn sí gníomhaíochtaí do na hearnálacha thuas go léir m.sh. ceardlanna, cainteanna, seastáin eolais, ócáidí. Bíonn an bhéim ar phrionsabal an Laghdaithe, na hAthúsáide agus na hAthchúrsála. Bhí seastáin feasachta ar bhruscar agus dramhaíl ar taispeáint ag an gCearnóg i dTamhlacht agus ócáid mhalartaithe acmhainní gnó i Staid Thamhlachta.
- Spreagtar gnóthaí le páirt a ghlacadh i bhfeachtais frithbhruscair chomh maith. Forbraíodh agus dáileadh póstaer frithbhruscair maidir le mearbhia agus toitíní agus dáileadh iad ar ghnóthaí ar fud an Chontae, go háirithe tithe tábhairne, siopaí geallghlacadóirí, bialann mearbhia agus siopaí a bhí in ann an póstaer a chur ar taispeáint ina n-áitreabh.
- Tá fodhlíthe bruscair i bhfeidhm a chuireann síos go háirithe ar na dualgais ghinearálta atá ar áititheoirí áitreabh agus tá siad ar fáil do ghnóthaí.
- Comhaontaíodh Meamram Tuisceana le BSL. Leagann an Meamram Tuisceana amach nósanna imeachta comhaontaithe le dul i ngleic le dumpáil mhídhleathach dramhaíola, bruscar agus graifítí ag fostáisiúin Lónra BSL taobh istigh de theorainn riaracháin na Comhairle.
- 9.5 Torthaí na bhfeachtas frithbhruscair a phoibliú agus aird a dhíriú orthu.
- 9.5.1 Poiblítear gach feachtas frithbhruscair agus díritear aird orthu trí na meáin, [www.sdcc.ie](http://www.sdcc.ie), Facebook agus Twitter. Mar shampla



## **Cuspóir 10: Clár cumarsáide a fhorbairt chun contae atá saor ó bhruscar a chur chun cinn – lena n-áirítear úsáid [www.southdublin.ie](http://www.southdublin.ie) agus [www.socialcredits.ie](http://www.socialcredits.ie)**

### 10.1 Úsáid a bhaint as na meáin dhifriúla

Nuachtlitir, Suíomh Gréasáin, Fógraí sa phreas áitiúil, Preaseisiúintí, Dreasanna grianghrafadóireachta, na Meáin Shóisialta

Úsáidtear na meáin thuas go léir go leanúnach agus baineann an Chomhairle leas as gach deis sonraí na dtionscnamh frithbhruscair go léir a fhoilsiú.

### 10.2 Aird a dhíriú ar an teachtaireacht frithbhruscair

10.2.1 Dírítear aird ar an teachtaireacht frithbhruscair go leanúnach trí na modhanna thuasluaite go léir agus trí shamplaí eile amhail an físeán frithbhruscair – Feachtas pictiúrlann le Dul i nGleic le Bruscar, ar an raidió ar FM 104, nuachtlitir “Green Times”, na meáin shóisialta, an Éiceasheachtain, [www.FreeTradeIreland.ie](http://www.FreeTradeIreland.ie) (rud a cuireadh in áit [www.dublinwaste.ie](http://www.dublinwaste.ie)) agus [www.sdcc.ie](http://www.sdcc.ie)

### 10.3 Clár gníomhaíochtaí a chur ar fáil le díriú ar earnálacha éagsúla sa Chontae

10.3.1 Dírítear ar earnálacha éagsúla sa Chontae ag amanna éagsúla trí na tionscnaimh frithbhruscair a bhíonn á reáchtáil ag Feasacht Chomhshaoil.

### 10.4 Forbairt a dhéanamh ar rannán bruscair an tsuímh ghréasáin le cinntiú go mbíonn an t-eolas is déanaí ar fáil agus go ndéantar forbairt agus feabhsú leanúnach.

10.4.1 Tá rannóg bruscair ar fáil ag [www.sdcc.ie](http://www.sdcc.ie)

## **Cuspóir 11: Barrfheabhsú a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta atá ar fáil le haghaidh forfheidhmiú agus cosc bruscair**

Ó ceapadh an Plean reatha, tugadh isteach Córas Gearáin Comhshaoil. Úsáidtear é chun gearáin a fhaightear a chros-seiceáil d’fhonn pátrúin agus stair chaite bruscair agus dumpála mídhleathaí a fháil amach, agus chun acmhainní a úsáid le díriú ar na gearáin.

Baineann Forfheidhmiú agus Ceadúnú úsáid as dhá (2) cheamara shoghluaiste TCI chun monatóireacht a dhéanamh ar áiteanna a bhfuil fadhb mhór le dumpáil mhídhleathach. Leantar de cheamaraí TCI a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar na gabhdáin buidéal ag Ionad Siopadóireachta Bhaile Eoghain agus Páirc Phoiblí Ghleann an Ghrífín. Déantar an gníomh forfheidhmithe cuí nuair a fhaightear fianaise. Tá TCI ceilte tar éis a bheith úsáidte anois is arís chun monatóireacht a dhéanamh ar áit ar leith a mbíonn fadhbanna ag baint léi.

In ainneoin go bhfuil TCI ann, bíonn deacrachtaí ag baint leis na truaillitheoirí líomhnaithe a aithint go soiléir.





## **Cuspóir 12: Úsáid a bhaint as córais anailísithe chórasaigh sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht bruscair agus cinnteoireacht agus iad a phleanáil**

Úsáidtear teicneolaíocht fóin chliste chun áiteanna a bhfuil fadhb mhór le bruscar/dumpáil mhídhleathach a léarscáiliú, agus leantar de mhonatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha GÉAB (IBAL) le cur le gníomhaíocht agus díriú ar an Rannóg Forfheidhmithe agus Ceadúnaithe.

## **Cuspóir 13: Leanúint de thaighde a dhéanamh ar shamhlacha an chleachtais is fearr agus iad a chur i bhfeidhm**

Baintear leas as gach deis líonrú a dhéanamh le comhghleacaithe go réigiúnach agus go náisiúnta.

## **Cuspóir 14: Cur ar fáil plean bainistíochta bruscair a chinntiú do gach ócáid mhór**

Cuirtear forálacha Alt 17 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, mar a leasaíodh, i bhfeidhm maidir le hócáidí móra.

Éascaíonn an Chomhairle ócáidí i bpáirceanna poiblí ar a mbíonn tuairim is 300 agus 500 duine ag freastal de ghnáth. Ní dhéantar ócáidí atá chomh mór leis seo a chatagóiriú mar ócáidí móra agus ní hann don riachtanas plean bainistíochta bruscair a cheapadh de réir Alt 17 dá bharr.

Nuair a thugann an Chomhairle cead do thríú páirtí ócáid a chur ar siúl i bpáirc phoiblí, caithfidh siad cloí le réimse coinníollacha, amhail riachtanas go gcaithfidh lucht eagraithe na hócáide a chinntiú go mbeidh an áit fágtha saor ó bhruscar acu.



## Aguisín 8.1

### Gníomhaíocht Forfeidhmithe agus Ceadúnaithe

Gníomhaíocht	2011	2012	2013	2014
Líon na nGearán a Fuarthas	4366	2641	3440	2891
Líon na nGearán a Imscrúdaíodh	4366	2641	3440	2891
Líon na bhFógraí um Pionós Socraithe a Eisíodh	713	1165	753	574
Líon na bhFógraí a Eisíodh de Bhun an Achta um Thruailliú ó Bhruscar 1997, mar a leasaíodh	119	198	150	235
Líon na dTreasacha a Eisíodh faoi Alt 14	31	10	39	64
Líon na bhFógraí a Eisíodh faoi Alt 18	5	9	75	9
Líon na bhFógraí a Eisíodh faoi Alt 55	14	1	5	9
Líon na n-ionchúiseamh dlíthiúil a tionscnaíodh	9	5	26	24
Líon na litreacha a eisíodh de bhun Fhodhlíthe 2012 um Dhramhaíl Tí	N/A	N/A	409	864
Líon na litreacha rabhaidh a eisíodh de bhun Fodhlíthe um Dhramhaíl Tí	N/A	N/A	182	339
Líon na gcuairteanna cigireachta a tugadh agus iniúchtaí a rinneadh de bhun na rialachán um bainistiú dramhaíola.	267	566	733	1111
Líon na gCeadanna Áis Dramhaíola agus na dTeastas Clárúcháin a eisíodh	10	1	8	38



## Aguisín 8.2

### An Réimse Poiblí Soláthar na seirbhísí oibríúcháin

Mír	2011	2012	2013	2014
Daonlaethanta a chaitear ar ghlantachán sráidbhalte	2,500	2,500	2,500	2,800
Daonlaethanta a chaitear ar an tseirbhís boscaí bruscair	1,250	1,250	1,250	1,400
Líon na mboscaí bruscair a bhíonn seirbhísithe in aghaidh an lae	585	585	600	600
Tascanna glantacháin sceidealta	N/A	N/A	2,482	4,517
Tascanna bainte bruscair sceidealta	N/A	N/A	8,192	12,837
Tascanna bainte ábhair dhumpáilte sceidealta	N/A	N/A	261	2,845
Tascanna sceidealta glantacháin ag an bpobal	N/A	N/A	937	2,514
Tascanna bainte graifítí sceidealta	342	390	210	100
Km de bhóithre a scuabadh	11,080	11,080	11,080	11,080
An tonnáiste an ábhair scuabtha ó bhóithre agus dramhaíl bhruscair is araile a baineadh	N/A	8,182	7,207	8,150
Tonnáiste na dramhaíola go léir a glacadh ag an CC	14,487	13,809	12,728	13,435
Tonnáiste na dramhaíola ar glacadh léi ag gach ionad 'fág anseo'	5,370	5,127	4,961	4,632
An tonnáiste DTLL a athchúrsáladh	128	109	158	144
Líon na láithreán CC	2	2	2	2
Líon na n-ionad 'fág anseo'	76	75	74	74



## Aguisín 8.3

### Feasacht Chomhshaoil

Tionscnamh	2011	2012	2013	2014
Clár na scoileanna glasa	36	12	33	37
(Líon na mbratach glasa a bronnadh)	131	134	97	119
An Glantachán Náisiúnta Earraigh	11	12	10	11
Feachtais agus comórtas frithbhruscair	3	7	9	12
Bailte Slachtmhara (grúpaí)	N/A	N/A	318	248
Tionscnamh na siúlóirí glasa madraí	36	816	1587	1856
ATTC (PURE)				
Gearáin/tuairiscí	935	859	1065	642
Bailiúcháin ATTC	999	941	796	539
Tonnáiste	295	231	215	123
Tionscadail Frithbhruscair/Frithghraifítí i measc an Phobail	34	47	41	40
Ceardlanna/cainteanna FF (ALAG)	61	56	55	93
Ábhair feasachta FF dáilte	3,150	11,115	11,000	11,365
Ábhair Chreidmheasanna Sóisialta a dáileadh	3,281	8,384	11,272	10,819



I bPlean Bainistíochta Bruscair Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, déantar bearta a mholadh chun dul i ngleic le drochthionchar an bhruscair.

Is féidir leat féin Dul i nGleic leis an mBruscar freisin.

Dá mba rud é nach bpiocfadh gach duine sa Chontae suas ach aon phíosa amháin bruscair, laghdófaí líon na bpíosaí bruscair sa Chontae de bhreis is **¼ milliún**, rud a d'fhágfadh go mbeadh an Contae ina áit ní b'fhéarr le maireachtáil ann, a bheith ag obair ann agus a bheith i mbun gnó ann.

Scaip an scéala tríd an bhFíseán “**Tackle Litter**” dár gcuid a chomhroinnt

<https://www.youtube.com/watch?v=t3T6TYed0m4>



Comhairle Contae Átha Cliath Theas  
Halla an Chontae, Tamhlacht,  
Baile Átha Cliath 24

Fón: 01 414 9000  
R/phost: [info@sdublincoco.ie](mailto:info@sdublincoco.ie)  
Idirlíon: [www.athcliaththeas.ie](http://www.athcliaththeas.ie)

Faigh agus Lean muid

